

CÁILÍOCHT MHEASÚNACHTA A DHEARBHÚ - TREOIRLÍNTE EATRAMHACHA DO SHOLÁTHRAITHE 2025



**Dearbhú Cáilíochta
agus Cáilíochtaí Éireann**
Quality and
Qualifications Ireland

*Eagrán 3 - leasaithe i mí na Nollaig 2025: athbhreithnithe eatramhacha, ar feitheamh ar athbhreithniú iomlán, chun na treoirlínte a ailíniú ar shlí níos fearr le cleachtais reatha BOO agus beartais QQI maidir le bailíochtú agus cinneadh caighdeán.

Eagrán 2 - leasaithe in 2018: doiciméad a leasaíodh leis an téacs seo a bhaint (Lch 6) “Chuir QQI córais agus próisis inmheánacha cáilíochta i bhfeidhm lena n-áirítear córas comhtháite TFC chun na torthaí a fhaightear ó sholáthraithe a phróiseáil agus oibreofar Próiseas Náisiúnta Achomharc’ bhí sé seo míchearta - is ar sholáthraithe atá an cúram as achomhairc.



**Dearbhú Cáilíochta
agus Cáilíochtaí Éireann**
Quality and
Qualifications Ireland

RÉAMHRÁ

Is nuashonrú eatramhach ar threoirlínte 2018 iad na treoirlínte seo ar feitheamh ar nuashonrú níos substaintiúla a dhéanfar sna chéad ocht mí dhéag eile nó mar sin tar éis próiseas córasach agus domhain athbhreithnithe a dhéanfar i gcomhairle le geallsealbhóirí.

Is é príomhchuspóir an nuashonraithe eatramhaigh ailíniú níos fearr a dhéanamh idir na treoirlínte agus beartais QQI maidir le bailíochtú, cinneadh caighdeán agus bronnadh dámhachtainí, a threoirlínte dearbhaithe cáilíochta do sholáthraithe clár cumaiscthe agus clár atá ar líne go hiomlán agus cleachtais reatha BOO.

Is é an príomhathrú i gcomparáid le heagrán 2018 an t-aitheantas sainráite gurb é an caighdeán dámhachtana do dhámhachtain ainmnithe QQI an tsraith d'íostorthaí foghlama cláir beartaithe (MIPLONna) agus d'íostorthaí foghlama modúl beartaithe (MIMLONna) a bhaineann leis an gclár as a leanann an dámhachtain sin. Déantar MIPLONna agus MIMLONna a chinneadh tráth an bhailíochtaithe agus is féidir leis an soláthraí iad a choigeartú tar éis an bhailíochtaithe laistigh de theorainneacha agus de réir a nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta doiciméadaithe chun athruithe den sórt sin a dhéanamh. Soiléirítear sna treoirlínte freisin, cé go n-áirítear teicnící measúnaithe i sonraíochtaí

dámhachtainí Chóras Chomhdhámhachtain QQI go rialta, nach bhfuil oibleagáid ar sholáthraithe na teicnící seo a úsáid ach go bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfaidh siad na straitéisí measúnaithe atá leagtha amach ina gcláir bhailíochtaithe. Ní mór aon athruithe ar mheasúnú tar éis bailíochtú a bhainistiú de réir na nósanna imeachta ábhartha dearbhaithe cáilíochta.

Áirítear sna treoirlínte eatramhacha mionathruithe agus soiléirithe éagsúla m.sh. roinnt treorach breise ar iomláine acadúil agus tabhairt isteach an mheasúnaithe uilechuimsithigh mar cheann de na prionsabail.

Tá súil againn go mbeidh an nuashonrú eatramhach seo ar na treoirlínte úsáideach agus muid ag obair leis an earnáil BOO i dtreo nuashonrú níos cuimsithí a dhéanamh.

Nollaig 2025

CONTENTS

RÉAMHRÁ	1
CONTENTS	2
PRÓISEAS MEASÚNAITHE SOLÁTHRAITHE	5
1. TÚS EOLAIS.....	6
2. TREOIRLÍNTE	8
3. CÁILÍOCHT MHEASÚNAITHE A DHEARBHÚ.....	9
3.1 PRIONSABAIL	9
3.1.1 Bailíocht.....	9
3.1.2 Iontaofacht.....	10
3.1.3 Cothroime.....	10
3.1.4 Dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de	10
3.1.5 Trédhearcacht.....	11
3.1.6 Comhlántacht.....	11
3.1.7 Uilechuimsitheacht.....	11
3.1.8 Ionracas acadúil	11
3.2 BEARTAS.....	11
4. AN PRÓISEAS MEASÚNAITHE.....	12
4.1 RÓIL	12
4.1.1 An soláthraí	12
4.1.2 Bailíochtú agus measúnú cláir.....	13
4.1.3 An measúnóir	13
4.1.4 An foghlaimeoir	15
4.2 NÓSANNA IMEACHTA MEASÚNAITHE.....	15
4.2.1 Measúnú a phleanáil	15
4.2.2 Eolas d'fhoghlaimeoirí.....	16
4.2.3 Spriocdhátaí measúnaithe.....	16
4.2.4 Iontaofacht fianaise foghlaimeoirí.....	17
4.2.5 Míchleachtas measúnaithe	18
4.2.6 Slándáil na bpróiseas agus an ábhair a bhaineann le measúnú:.....	19
4.2.7 Taifid agus doiciméid.....	19
4.2.8 Socruithe réasúnta.....	20
4.2.9 Forais atruacha	20
4.2.10 Gníomhaíocht mheasúnaithe a athdhéanamh	21

4.3 MEASÚNÚ A CHEAPADH.....	21
4.3.1 Teicnící measúnaithe	22
4.3.2 Tasc.....	23
4.3.3 Tionscadal.....	24
4.3.4 Punann/bailiúchán saothar	24
4.3.5 Léiriú scileanna	25
4.3.6 Scrúdú.....	26
4.3.7 Taifead foghlaimeora	29
4.4 MARCÁIL	30
4.4.1 Critéir mheasúnaithe a cheapadh	30
4.4.2 Scéim mharcála a cheapadh	31
4.5 DÁMHACHTAINÍ A GHRÁDÚ AGUS A AICMIÚ	32
4.6 CHRITÉIR GHRÁDAITHE	33
4.6.1 Critéir chineálacha grádaithe do dhámhachtainí ag leibhéil 1 go 3	33
4.6.2 Critéir chineálacha grádaithe do dhámhachtainí ag leibhéil 4 go 6	34
5. AN PRÓISEAS FÍORDHEIMHNIÚCHÁIN.....	35
5.1 CUSPÓIR	35
5.2 FÍORÚ INMHEÁNACH	35
5.2.1 Ról an fhíoraitheora inmheánaigh	35
5.2.3 Fíorú nósanna imeachta measúnaithe	36
5.2.4 Fíorú thorthaí an mheasúnaithe.....	36
5.3 FÍORDHEIMHNIÚ SEACHTRACH.....	37
5.3.1 Ról an fhíordheimhnitheora sheachtraigh.....	37
5.3.2 Critéir chun fíordheimhnitheoir seachtrach a roghnú	38
5.3.3 Modhnú torthaí.....	38
5.3.4 Minicíocht an fhíordheimnithe sheachtraigh	39
5.3.5 Fíordheimhnitheoirí seachtracha a shannadh	39
5.4 SAMPLÁIL	39
5.4.1 Critéir maidir le sampláil	40
6. PRÓISEAS CEADAITHE TORTHAÍ.....	40
6.1 PAINÉAL CEADAITHE TORTHAÍ	40
6.2 CEADÚ TORTHAÍ.....	41
7. PRÓISEAS ACHOMHAIRC.....	41
8. DEIMHNIÚ A IARRAIDH.....	42
9. MEASÚNÚ RÍOMHCHUIDITHE/RÍOMH-MHEASÚNU.....	42

10. IONRACAS ACADÚIL	43
AGUISÍN 1: CÁILÍOCHT MHEASÚNAITHE A DHEARBHÚ – ACHOIMRE.....	44
AGUISÍN 2: [BAINTE]	47
AGUISÍN 3: MEASÚNÚ FOGHLAIMEOIRÍ AG LEIBHÉIL 1, 2 AGUS 3	48
1.1 LEIBHÉAL 1.....	48
1.2 LEIBHÉAL 2.....	48
1.3 LEIBHÉAL 3	49
AGUISÍN 5: [BAINTE]	51
AGUISÍN 6: BILEOG MHARCÁLA SAMPLACH (CEANN IN AGHAIDH NA TEICNÍCE).....	52
AGUISÍN 7: BILEOG ACHOIMRE DE THORTHAÍ SAMPLACHA.....	53
AGUISÍN 8: TEIMPLÉID CHUN PRÓISIS FÍORDHEIMHNITHE AGUS CEADAITHE TORTHAÍ A FHORBAIRT	54
1.1 CREAT LE HAGHAIDH NÓS IMEACHTA FÍORAITHE INMHEÁNAIGH.....	54
1.2 CREAT LE HAGHAIDH NÓS IMEACHTA FÍORDHEIMHNITHE SHEACHTRAIGH.....	55
1.3 CREAT UM NÓS IMEACHTA PRÓISEAS CEADAITHE TORTHAÍ.....	55
AGUISÍN 9: TEIMPLÉAD DO THUARASCÁIL FÍORAITHE INMHEÁNAIGH	57
AGUISÍN 10: TEIMPLEAD DO THUARASCÁIL FÍORDHEIMHNITHE SHEACHTRAIGH.....	59
AGUISÍN 11: CÓD CLEACHTAS D'FHÍORDHEIMHNITHEOIRÍ SEACHTRACHA	61
AGUISÍN 12: [BAINTE].....	62
AGUISÍN 13: GLUAIS TÉARMAÍ.....	63

Próiseas Measúnaithe Soláthraithe

Foramharc: 5 Phríomhchéim

1. Measúnú

- beartais, próisis agus nósanna imeachta measúnaithe a bhunú agus a chur i bhfeidhm
- ionstraimí measúnaithe, scéimeanna marcála agus critéir mheasúnaithe a cheapadh
- fianaise foghlaimeoirí a mheas agus a bhreithniú
- torthaí a thaifeadadh
- aiseolas tráthúil agus cuiditheach a sholáthar don fhoghlaimeoir is féidir leo a úsáid chun tacú lena bhfoghlaím

2. Próiseas fíordheimhniúcháin

A. Fíorú inmheánach

- a fhíorú gur cuireadh gach nós imeachta measúnaithe i bhfeidhm
- monatóireacht a dhéanamh ar thoradh an phróisis mheasúnaithe .i. torthaí an mheasúnaithe ar bhonn samplach

B. Fíordheimhniú seachtrach

- fíordheimhniú seachtrach a shannadh in aghaidh gach dámhachtana bunaithe ar shaineolas leathan dámhachtana/réimse foghlama
- déanfaidh fíordheimhniú seachtrach modhnú ar thorthaí an athbhreithnithe trí fhianaise foghlaimeoirí a shampláil de réir straitéis samplála an tsoláthraí féin

3. Ceadú Torthaí

- Painéal Ceadaithe Torthaí a bhunú
- torthaí ar mheasúnaithe a cheadú agus ainm a chur leo
- torthaí a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí

4. Próiseas Achomharc

- próiseas achomhairc a bhunú
- 14 lá ar a laghad a cheadú d'fhoghlaimeoirí chun achomharc a thaisceadh i gcoinne an phróisis mheasúnaithe nó an toraidh
- gach achomharc a phróiseáil

5. Iarratas ar Dheimhniú

- gach toradh foghlaimeora a chur isteach
- agus é sin á dhéanamh, torthaí atá faoi achomharc a mharcáil amhlaidh

1. TÚS EOLAIS¹

Is do sholáthraithe bhreisoideachais agus oiliúna go príomha atá na treoirlínte seo agus go sonrach dóibh siúd atá freagrach as beartais agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta agus cláir oideachais agus oiliúna a fhorbairt. Tá na treoirlínte beartaithe freisin d'fhíordheimhneoirí seachtracha. Níl siad beartaithe chun treoir a thabhairt do bhaill foirne teagaisc ar an líne thosaigh maidir le measúnú foghlaimeoirí. Ba chóir go dtiocfadh an treoir sin ón soláthraí, lena n-áirítear tríd an doiciméadacht chláir ábhartha agus beartas agus nósanna imeachta an tsoláthraí maidir le measúnú.

Ciallaíonn measúnú ar fhoghlaimeoirí (measúnú foghlama go sonrach) tuiscint (m.sh. breithiúnas nó meastachán nó meastóireacht) ar eolas, scil nó inniúlacht foghlaimeora trína chur i gcomparáid le caighdeán atá bunaithe ar fhianaise chuí. Chun críocha an tsainmhínithe seo, chun a ghinearáltacht a uasmhéadú, is féidir leis an 'caighdeán' a bheith chomh caol nó chomh leathan agus is gá agus féadfaidh sé a bheith intuigthe nó follasach. Féadfaidh eolas, scileanna, inniúlacht nó dearchtaí a bheith i gceist.

Tagraíonn an caighdeán sa mhír roimhe seo don tslat tomhais a úsáideann an duine/eintiteas atá ag déanamh an mheasúnaithe. D'fhéadfadh sé seo, i gcás féinmheasúnaithe ag foghlaimeoir, a bheith ina chaighdeán inmheánach bunaithe ar an eolas a tugadh dóibh ar na torthaí foghlama beartaithe don chlár agus don mhodúl ábhartha nó ar chiall atá bainte acu as measúnuithe san am atá thart. D'fhéadfadh aon cheann díobh seo a leanas a bheith i gceist ann: ráitis torthaí foghlama bunaithe ar íostorthaí beartaithe cláir agus modúl a úsáideann measúnóir i gcomhar le caighdeáin náisiúnta amhail caighdeáin dámhachtainí QQI agus an CNC, caighdeáin ghairmiúla, caighdeáin rialála náisiúnta nó idirnáisiúnta agus b'fhéidir caighdeáin intuigthe a bhaineann le pobal cleachtais.


Chun críocha an doiciméid seo, clúdaíonn raon na gcaighdeán ábhartha an raon ó na cinn is ginearálta i bhfoirm táscairí leibhéal an CNC go dtí na cinn is sainiúla i bhfoirm íostorthaí beartaithe foghlama cláir (MIPLONna) agus íostorthaí beartaithe foghlama modúil (MIMLONna). Cinntear MIPLONna agus MIMLONna tráth an bhailíochtaithe agus féadfaidh an soláthraí iad a choigeartú tar éis bailíochtú laistigh de theorainneacha² agus de réir a nósanna imeacht dearbhaithe cáilíochta doiciméadaithe chun na hathruithe sin a dhéanamh.

Go hachomair, sonraítear na caighdeáin eolais, scile agus inniúlachta is gá d'fhoghlaimeoir a bhaint amach chun dámhachtain ainmnithe QQI a ghnóthú sna torthaí foghlama cláir agus modúil atá beartaithe do chlár bailíochtaithe as a leanann dámhachtain ainmnithe. Ní mór dóibh seo a bheith comhsheasmhach leis na caighdeáin dámhachtainí QQI is infheidhme a bhaineann leis an dámhachtain ainmnithe ábhartha.

Léiríonn an figiúr seo a leanas an gaol idir na cineálacha éagsúla caighdeán. Ní mór do chaighdeáin a bheith comhsheasmhach leis na caighdeáin a thacaíonn leo, ach gan a bheith comhionann leo.

¹ Tá an réamhrá seo oiriúnaithe ó Chuid 2 de Pháipéar Uaine QQI um Measúnú, 2018.

² Leagtar amach sa bheartas bailíochtaithe léiriú ar an méid athraithe a cheadaítear sula mbíonn bailíochtú (difreálach) ag teastáil.



Fíor 1: Caighdeán de leibhéil éagsúla sainiúlachta.

Is éard atá i gceist san fhianaise dá dtagraítear sa dara mír ní hamháin freagra an fhoghlaimeora ar an tasc measúnaithe ach an tasc féin agus an comhthéacs inar socraíodh é agus torthaí an mheasúnaithe. Sa chuid eile den doiciméad seo, úsáidtear **fianaise** i gciall níos cúinge.

Ciallaíonn measúnú foghlaimeora measúnú ar ghnóthachtáil foghlama a dhéanann an foghlaimeoir féin. Is féidir measúnú foghlama a dhéanamh chun críocha éagsúla, lena n-áirítear, mar shampla, críocha suimitheacha, foirmitheacha agus diagnóiseacha.

Féadfaidh an foghlaimeoir féin nó duine eile measúnú foghlaimeora a dhéanamh agus féadfar é a dhéanamh chun aon cheann de go leor críocha éagsúla. Go ginearálta, féadfar measúnú a úsáid, mar shampla, chun:

- teidlíocht ar cháilíocht a chinneadh (m.sh. measúnú suimitheach);
- dul chun cinn foghlama a dheimhniú (ag an bhfoghlaimeoir nó ag duine éigin eile);
- inniúlacht ‘fhoghlama’ foghlaimeora a chinneadh;
- bearnaí san fhoghlaim a aithint (chun, m.sh., aiseolais foirmitheach a chumasú nó a bheith mar bhunús leis don fhoghlaimeoir nó chun straitéis foghlama a oiriúnú);
- cabhrú le riachtanais speisialta oideachais nó oiliúna a chinneadh (m.sh. measúnú diagnóiseach);
- deis foghlama a sholáthar;
- eolas a chur ar fáil agus cáilíocht cláir oideachais agus oiliúna á meas³;

³ De ghnáth, úsáidimid an téarma oideachas agus oiliúint (a úsáidtear san Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012). Is é an spreagadh ná an ghníomhaíocht foirmitheach atá ceaptha le foghlaimeoir a chumasú chun eolas, scileanna nó inniúlacht a fhorbairt a chuimsiú oiread agus is féidir. Ba cheart aon téacs sna Treoirínte seo a thagraíonn d'oideachas nó d'oiliúint gan tagairt don cheann eile a thuiscint mar théacs a bhaineann go cothrom leis an dá cheann.

- foghlaim ó thaithí a shainaithint;
- tacú leis an bhfoghlaiméoir monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn;
- incháilitheacht chun clárú ar chlár a chinneadh;
- duine a chur ag leibhéal áirithe i gclár teanga;
- a chinneadh go hiomaíoch cé a fhéadfaidh rochtain a fháil ar áiteanna srianta ardoideachais.

Go minic, bíonn cuspóirí iomadúla ag measúnú. Bíonn measúnú i gceist i gcónaí le teagasc agus foghlaim araon. Nuair a bhíonn cuspóir foirmitheach le measúnú, féadfaidh sé díriú ní hamháin ar a chinneadh an bhfuil an príomhchuspóir foghlama bainte amach ach freisin ar dhearcadh an fhoghlaiméora i leith na foghlama agus ar eolas, scileanna agus inniúlacht a bhaineann le foghlaim ar bhealach níos ginearálta. Leagtar béim mar sin ar an idirghaolmhaireacht idir teagasc, foghlaim, torthaí foghlama beartaithe agus measúnú.

D'fhéadfadh iarmhairtí a bheith ag measúnú a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le fadhbanna i gcás nach bhfuil sé bailí dá chuspóirí dlisteanacha ionchasacha. Féadfaidh measúnú suimitheach, mar shampla, caighdeán nó curaclaim iarbhír (de facto) a bhunú atá difriúil ó na cinn dhlísteanaigh.

Cé go ndéantar measúnú i gcomhthéacsanna éagsúla agus chun críocha éagsúla i gcoitinne, díritear sa cháipéis seo ar dhearbhu cáilíochta an mheasúnaithe shuimithigh chun críche dámhachtainí QQI a bhronnadh.

2. TREOIRLÍNTE

Tá na treoirlínte seo ceaptha le cabhrú le soláthraithe próisis agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun measúnú cothrom agus comhsheasmhach a dhéanamh ar fhoghlaiméirí chun críche a chinneadh an bhfuil na **torthaí foghlama ábhartha** beartaithe bainte amach acu agus chun tacú le teagasc agus foghlaim. Treoraíonn siad maidir le cleachtas éifeachtach

- an mheasúnaithe,
- an t-**ionracas acadúil** a choinneáil,
- fíordheimhniú inmheánach agus seachtrach,
- ceadú torthaí agus próiseáil achomharc.

Féadfar measúnú a dhéanamh ar fhoghlaiméirí i suíomhanna éagsúla agus ar bhealaí éagsúla ar choinníoll i gcónaí go bhfuil na nósanna imeachta measúnaithe **bailí** agus **iontaofa** chun a chinneadh an bhfuil na torthaí foghlama ábhartha beartaithe bainte amach ag na foghlaiméirí ábhartha don dámhachtain ábhartha mar atá sonraithe ag an gclár bailíochtaithe as a leanann an dámhachtain sin. Forbraíonn nó soláthraíonn soláthraithe socruithe measúnaithe clárshonracha agus modúlshonracha agus ceadaítear iad le linn an **phróisis um bailíochtú cláir**. Ní mór íostorthaí **foghlama cláir beartaithe (MIPLONna)** agus íostorthaí **foghlama modúl beartaithe (MIMLONna)** a shonrú do gach dámhachtain a leanann clár chuige agus ní mór díobh seo a bheith

comhsheasmhach le **caighdeáin dámhachtainí ábhartha QQI**, lena n-áirítear aon **choinníollacha bailíochtaithe speisialta** atá i gceangal, atá deartha chun a bheith comhsheasmhach leis an **gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí**.

Tá soláthraithe clár as a leanann dámhachtainí QQI freagrach as measúnú foghlaimeoirí atá cláraithe ar na cláir sin. Go sonrach, ceanglaítear orthu “nós imeachta cothroma agus comhsheasmhacha a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí cláraithe chun a chinntiú go bhfaigheann foghlaimeoirí cláraithe na caighdeáin eolais, scile nó inniúlachta arna gcinneadh ag an Údarás faoi alt 49(1), agus i gcás inarb iomchuí, go léiríonn siad iad” (Alt 45(3)(b) d’Acht 2012⁴).

Sa chomhthéacs seo, cinneann QQI caighdeáin le leibhéil éagsúla sainiúlachta. Is iad na caighdeáin de facto is sainiúla ná na MIPLOnna agus na MIMLOna arna gceadú trí phróiseas bailíochtaithe QQI agus a chothaíonn an soláthraí ábhartha ina dhiaidh sin. Cinntíonn an próiseas agus na critéir bailíochtaithe go bhfuil na híosorthaí foghlama cláir/modúil atá beartaithe chun cáiliú don dámhachtain QQI atá á lorg comhsheasmhach le caighdeáin ábhartha dámhachtainí QQI.

Féach **Beartas QQI um Chaighdeáin Dámhachtainí a Chinneadh** agus **Beartas agus Critéir um Bailíochtú** le haghaidh tuilleadh sonraí.

Tugann an méid sin le fios go gcaithfidh measúnú do dhámhachtainí QQI a bheith de réir critéir (i.e. arna measúnú i gcomparáid le caighdeáin réamhchinntithe) seachas a bheith de réir norm (i.e. i gcomparáid le foghlaimeoirí eile). Ní mór do na critéir mheasúnaithe a bheith bainteach leis na caighdeáin e.g. MIPLOnna agus MIMLOna.

3. CÁILÍOCHT MHEASÚNAITHE A DHEARBHÚ

Bunaítear dearbhú cáilíochta an mheasúnaithe ar:

- foilsiú treoirilínte measúnaithe ag QQI
- an próiseas bailíochtaithe cláir
- beartas, nósanna imeachta agus cultúr dearbhaithe cáilíochta na soláthraithe
- nósanna imeachta soláthraithe maidir le measúnú foghlaimeoirí
- próisis fhíordheimhnithe sheachtraigh.

3.1 PRIONSABAIL

Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn leis an mbeartas um cháilíocht mheasúnaithe a dhearbhú.

3.1.1 Bailíocht

Is prionsabal lárnach é an bhailíocht atá mar bhonn leis an measúnú. Go simplí, tomhaiseann measúnú bailí an rud a mhaíonn sé a thomhas. Braitheann bailíocht ar go leor tosca lena n-áirítear, mar shampla,

- na caighdeáin a bhfuil na foghlaimeoirí á measúnú i gcomparáid leo
- cuspóirí an mheasúnaithe
- na foghlaimeoirí atá á measúnú (féadfaidh measúnú a bheith bailí d'fhoghlaimeoir amháin ach ní d'fhoghlaimeoir eile agus gach rud eile cothrom - baineann sé seo le huilechuimsitheacht)
- an clár oideachais agus oiliúna atá deartha chun foghlaimeoirí a ullmhú chun an caighdeán ábhartha a bhaint amach (e.g., d'fhéadfaí bailíocht tástála a chur i mbaol má mhúintear foghlaimeoirí de réir na tástála)
- a láidre atá an measúnú i gcoinne míchleachtas acadúil (ar a dtugtar mí-iompar acadúil freisin) d'aon chineál ó dhuine ar bith atá bainteach leis.

3.1.2 Iontaofacht

Tagraíonn iontaofacht don chomhsheasmhacht agus don chruinneas lena dtomhaiseann measúnú an rud atá sé ceaptha a thomhas. Ní féidir le measúnú neamhiontaofa a bheith bailí. Tugann measúnú iontaofa an toradh céanna go comhsheasmhach faoi choinníollacha comhchosúla. Chun go mbeidh measúnú iontaofa, ní mór dó:

- a chinntiú go ngintear fianaise faoi choinníollacha measúnaithe a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach
- iontaofacht fhianaise an fhoghlaimeora a chinntiú
- cinntí comhsheasmhacha a tháirgeadh trasna raon na measúnóirí atá ag cur an mheasúnaithe i bhfeidhm i gcásanna agus i gcomhthéacsanna éagsúla agus le grúpaí éagsúla foghlaimeoirí
- a bheith comhsheasmhach le himeacht ama
- a bheith láidir i gcoinne míchleachtas acadúil (ar a dtugtar mí-iompar acadúil freisin) d'aon chineál ó dhuine ar bith atá bainteach leis.

3.1.3 Cothroime

Chomh maith le bheith bailí agus iontaofa, cuireann measúnú cothrom comhdheiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí. Bíonn éagóir i gcúrsaí measúnaithe bunaithe ar dheiseanna neamhionanna i.e. easpa acmhainní/trealaimh, teicnící míchuí, measúnóirí gan taithí. Le go mbeidh nósanna imeachta agus cleachtais mheasúnaithe cothrom agus comhionann d'fhoghlaimeoirí, ní mór tionchar na dtosca seo a chur san áireamh i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm an mheasúnaithe.

3.1.4 Dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de

Tá soláthraithe freagrach as cáilíocht an mheasúnaithe a dhéanann siad ar an bhfoghlaim. Is prionsabal lárnach é dearbhú cáilíochta chun inchreidteacht agus stádas dámhachtainí QQI a chinntiú. Déanfar cáilíocht an mheasúnaithe a dheimhniú trí nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta na soláthraithe; straitéis mheasúnaithe a bhunú agus a choinneáil do gach clár agus modúl; bailíochtú, monatóireacht agus athbhreithniú ar chláir; agus ar deireadh thiar an cultúr laistigh de sholáthraí agus ionracas na foirne agus na bhfoghlaimeoirí.

3.1.5 Trédhearcacht

Cinntear i mbeartas agus treoirlínte trédhearcacha measúnaithe soiléire agus tuiscint i measc na ngeallsealbhóirí uile. Áireofar leis seo sainmhínte agus ceanglais shoiléire agus neamhdhébhríocha maidir le cothroime, comhsheasmhacht, bailíocht agus iontaofacht.

3.1.6 Comhlántacht

Aithnítear i bprionsabal na comhlántachta róil ar leithligh agus éagsúla an tsoláthraí agus QQI i gcomhthéacs a bhfreagrachtaí sainráite i dtaca le measúnú, mar atá leagtha amach

in Acht 2012. Go bunúsach, tá soláthraithe freagrach as measúnú agus tá QQI freagrach as bailíochtú chlár an tsoláthraí, rud a bhraitheann i gcónaí ar sholáthraithe a bhunaíonn *“nósanna imeachta atá cóir agus i gcomhréir lena chéile chun foghlaimoirí rollaithe a mheasúnú, d’fhonn a chinntiú go ndéanann foghlaimoirí rollaithe na caighdeáin eolais, scile nó inniúlachta arna gcinneadh ag an Údarás faoi alt 49(1) a bhaint amach agus, más cuí, a léiriú”*.

3.1.7 Uilechuimsitheacht

Ba chóir gach measúnú ar fhoghlaimoirí a dhearadh ón tús le bheith chomh cuimsitheach agus is féidir agus, sa bhreis air sin, ba chóir socruithe réasúnta a dhéanamh nuair is gá.

3.1.8 Ionracas acadúil

Ciallaíonn ionracas acadúil *“prionsabail, caighdeáin, cleachtais agus córas luachanna comhsheasmhach eiticiúla agus gairmiúla a chomhlíonadh, a fheidhmíonn mar threoir chun cinntí a dhéanamh agus bearta a dhéanamh san oideachas, sa taighde agus sa scoláireacht⁵”*.

Is féidir le measúnú dea-dheartha (lena n-áirítear, mar shampla, rialachas, maoirseacht, beartas, nósanna imeachta, cur i bhfeidhm, straitéis, modheolaíocht, ionstraimí, tascanna agus critéir an mheasúnaithe) cabhrú le hionracas acadúil a chur chun cinn agus míchleachtas acadúil a chosc.

Cuirtear bailíocht agus iontaofacht an mheasúnaithe i mbaol nuair nach bhfuil an measúnú láidir a dhóthain chun seasamh in aghaidh míchleachtas acadúil.

3.2 BEARTAS

Déanann QQI monatóireacht agus athbhreithniú ar sholáthraithe, ar a gcláir agus ar bhaint amach caighdeán náisiúnta chun a chinntiú go gcuirtear measúnú cothrom agus comhsheasmhach i bhfeidhm go héifeachtach laistigh de na soláthraithe agus i measc na soláthraithe ina n-iomláine.

Ceanglaítear ar sholáthraithe na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- próiseas measúnaithe
- beartas agus nósanna imeachta ionracais acadúil
- straitéis measúnaithe do gach clár agus modúl
- próiseas fiordheimhniúcháin
- próiseas ceadaithe torthaí chun ceadú torthaí a phróiseáil
- próiseas achomharc.

⁵ ACADEMIC INTEGRITY – ENAI agus arna úsáid <https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-11/academic-integrity-national-principles-and-lexicon-of-common-terms.pdf>

4. AN PRÓISEAS MEASÚNAITHE

I gcomhthéacs cláir bhailíochtaithe, is gnách go ndéantar measúnú i ndiaidh gníomhaíocht foghlama. Féadfaidh an fhoghlaim agus an measúnú tarlú i gcomhthéacsanna éagsúla.

Tugtar **measúnú suimitheach** ar an bpróiseas chun gnóthachtáil foghlama a mheas i gcomparáid le caighdeán ábhartha chun creidiúint acadúil a thabhairt (d'fhéadfadh bronnadh dámhachtana a bheith san áireamh leis seo). Déanann soláthraithe **measúnú foirmitheach** freisin, a úsáidtear go príomha chun **dul chun cinn a aithint agus aiseolas a sholáthar** agus chun tacú le foghlaim. Féadfaidh cuspóirí suimitheacha agus foirmitheacha araon a bheith ag measúnú ar leith.

Is iad seo a leanas na príomhpháirtithe sa phróiseas measúnaithe:

- an soláthraí,
- an foghlaimeoir,
- an measúnóir.

Is é freagracht an tsoláthraí as nósanna imeachta a bhunú chun foghlaimeoirí a mheasúnú.

Is é freagracht an fhoghlaimeora tascanna measúnaithe forordaithe a chur i gcrích le dícheall cuí agus le hionracas acadúil.

Tá na measúnóirí freagrach ar an gcéad dul síos as foghlaimeoirí a mheasúnú le dícheall cuí agus le hionracas acadúil. De ghnáth, bíonn a gcuid conclúidí mar ábhar do **choiste measúnaithe** foirmiúil (**e.g. painéal ceadaithe torthaí**) a eagraíonn an soláthraí le cinneadh deiridh a dhéanamh.

4.1 RÓIL

Leagtar amach thíos na príomhpháirtithe sa phróiseas measúnaithe agus na ról atá acu uile faoi seach.

4.1.1 An soláthraí

Tá an soláthraí freagrach as:

- *“nósanna imeachta cothroma agus comhsheasmhacha a bhunú chun foghlaimeoirí cláraithe a mheasúnú chun a chinntiú go sroichtear na caighdeáin eolais, scile nó inniúlachta arna gcinneadh ag [QQI] faoi alt 49(1) [d'Acht 2012], agus i gcás inarb iomchuí, go léiríonn foghlaimeoirí cláraithe iad”*
- beartais agus nósanna imeachta measúnaithe éifeachtacha a bhunú agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear nósanna imeachta maidir lena n-athbhreithniú tréimhsiúil
- beartais agus nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun ionracas acadúil a choinneáil
- cláir a chur i bhfeidhm mar a bailíochtaíodh iad agus iad a choinneáil cothrom le dáta

- cláir a athbhreithniú go tréimhsiúil
- a chinntiú go bhfuil deiseanna foghlama ann do thorthaí foghlama beartaithe an chláir (seachas iad siúd a chomhlíontar le foghlaim roimhe seo)
- a chinntiú go bhfuil pearsanra measúnaithe cuí i bhfeidhm
- bainistiú measúnóirí inmheánacha agus aon mheasúnóirí seachtracha (féach Roinn 4.1.3 le haghaidh sainmhínte ar na téarmaí seo)
- **próiseas fíordheimhniúcháin** a bhunú agus a bhainistiú lena n-áirítear:
 - **fíorú inmheánach**
 - **fíordheimhniú seachtrach**, lena n-áirítear critéir a bhunú chun fíordheimhneoirí seachtracha a roghnú agus a cheapadh agus chun iad a oiliúint agus tacú leo
- **próiseas ceadaithe torthaí** a bhunú
- **próiseas achomhairc** a bhunú.

Ba chóir do sholáthraithe a chinntiú go bhfuil foghlaimeoirí eolach ar an gcaoi a ndéantar measúnú orthu agus an fáth.

- Ní mór d'fhoghlaimeoirí a bheith eolach ar na torthaí foghlama atá beartaithe do mhodúil agus do chláir, agus ar na straitéisí measúnaithe ábhartha do chláir agus modúil. Ba chóir iad seo agus beartais agus nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí a chur i gcuimhne dóibh go rialta.
- Ba chóir do sholáthraithe an fhaisnéis seo a chur in iúl d'fhoghlaimeoirí ar bhealach cuí agus inrochtana (e.g. i lámhleabhar cláir, ar leathanach gréasáin an chláir, i dtimpeallacht foghlama fhíorúil srl.).
- Ba chóir d'fhoghlaimeoirí a bheith páirteach san athbhreithniú tréimhsiúil ar nósanna imeachta measúnaithe.

4.1.2 Bailíochtú agus measúnú cláir

Ní mór d'iarratas ar bhailíochtú cláir nua nó athbhreithnithe díriú ar an gcaoi a ndéanfar measúnú ar an gclár agus ar a mhodúil chomhpháirteacha agus ar chláir atá leabaithe ann. Áirítear leis seo sonraíocht straitéisí measúnaithe cláir agus modúil i measc rudaí eile. Ceadaítear na socruithe measúnaithe nuair a dhéantar clár a bhailíochtú.

Ní féidir leis an soláthraí an measúnú a athrú ón méid atá sonraithe i ndoiciméadacht bhailíochtaithe an chláir ach de réir a nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta ceadaithe, seachas i bhfoirm beart neamhspleách ó dhuine aonair. Is féidir leis an soláthraí athruithe ar chlár bailíochtaithe a cheadú ach d'fhéadfadh bailíochtú difreálach a bheith ag teastáil i gcás athruithe suntasacha a mbeadh tionchar ábhartha acu ar an gcinneadh bailíochtaithe bunaidh.

Féach an beartas agus na critéir um bailíochtú le haghaidh seasamh cinntitheach air seo.

4.1.3 An measúnóir

Is é freagracht an mheasúnóra measúnú a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí. Beidh tascanna measúnaithe le cur i gcrích ag an bhfoghlaimeoir faoi choinníollacha forordaithe. I gceist freisin

beidh an gá a fháil amach an bhfuil an caighdeán ábhartha bainte amach ag an bhfoghlaimoir bunaithe ar bhreithniú ar fhreagraí an fhoghlaimeora ar na tascanna sin.

Is cleachtóir cáilithe é an measúnóir a bhfuil freagracht air as measúnú a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí.

D'fhéadfadh múinteoir, traenálaí nó léachtóir atá fostaithe ag an soláthraí (**measúnóirí inmheánacha**) a bheith i gceist. Is féidir leis a bheith ina mhaoirseoir san ionad oibre, ina bhainisteoir nó ina cheannaire foirne nach bhfuil fostaithe go díreach ag an soláthraí (**measúnóirí seachtracha**). Beag beann ar chomhthéacs an mheasúnaithe, ní mór do mheasúnóirí na scileanna measúnaithe cuí a bheith acu. Ba chóir go n-áireofaí leo sin:

- ábhar/saineolas teicniúil; ní mór don mheasúnóir a bheith inniúil sa réimse/ábhar teicniúil atá á mheasúnú acu
- eolas ar na torthaí foghlama beartaithe atá á measúnú, agus inniúlacht iontu
- tuiscint ar an straitéis mheasúnaithe ábhartha don chlár agus don mhodúl
- eolas ar nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí
- taithí ar na treoirlínte seo.

Caithfidh measúnóirí a bheith cuntasach don soláthraí freisin as aon ghníomhaíochtaí dá gcuid a bhaineann le measúnú. Nuair a bhíonn measúnóirí seachtracha i gceist (e.g. measúnóirí san ionad oibre) is gnách go mbeidh gá le comhaontuithe foirmiúla a bhunú, de ghnáth lena bhfostóirí.

I gcás ina n-úsáidtear córas láraithe dearaidh, cothabhála nó cur i bhfeidhm measúnachta, féadfar feidhmeanna an 'mheasúnóra' a dháileadh ar níos mó ná duine amháin. Is é an soláthraí atá freagrach sa deireadh as measúnú na bhfoghlaimoirí atá cláraithe ar a chlár.

Is iad seo a leanas freagrachtaí sonracha an mheasúnóra i gcomhthéacs an mheasúnaithe shuimithigh:

- nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí a chur i bhfeidhm ar fud na ngníomhaíochtaí measúnaithe ábhartha go léir
- ionstraimí measúnaithe bailí agus iontaofa a dhearadh agus iad seo a chur faoi athbhreithniú nuair is gá
- scéimeanna marcála agus critéir ghrádaithe a dhearadh agus iad seo a chur faoi athbhreithniú nuair is gá
- tacú le hionracas an phróisis mheasúnaithe (e.g. rúndacht tascanna nach bhfaca an t-iarrthóir roimh ré a choinneáil)
- deiseanna a sholáthar (le tacaíocht an tsoláthraí) d'fhoghlaimeoirí fianaise chuí a ghiniúint
- fianaise foghlaimoirí a athbhreithniú agus a mheas
- an cinneadh measúnaithe a dhéanamh (d'fhéadfadh sé seo a bheith faoi réir daingniú nó modhnóireacht ón **gcoiste measúnaithe** ábhartha (**mar shampla painéal ceadaithe torthaí**) a dhéanann an cinneadh deiridh)
- faisnéis agus aiseolas a sholáthar don fhoghlaimeoir
- aon sárú amhrasta ar ionracas acadúil a thuairisciú
- cabhrú le haon phróisis ábhartha achomhairc nó gearáin

Bítear ag súil freisin go soláthróidh measúnóirí atá páirteach i múineadh (nó i dteagasc etc.) foghlaimeoirí deiseanna measúnaithe foirmitheacha d'fhoghlaimeoirí agus aiseolas foirmiúil tráthúil ar féidir le foghlaimeoirí a úsáid mar thaca chun na caighdeáin ábhartha a bhaint amach.

4.1.4 An foghlaimeoir

Caithfidh foghlaimeoirí páirt ghníomhach a ghlacadh sa mheasúnú le go mbeidh sé indéanta ar chor ar bith⁶.

- Tá foghlaimeoirí freagrach as a ngnóthachtáil foghlama a léiriú nuair a iarrtar orthu é sin a dhéanamh, agus nuair a thugtar an deis dóibh é sin a dhéanamh.
- Ba chóir d'fhoghlaimeoir atá cláraithe ar chlár dul faoi mheasúnú chun críche gnóthachtáil thorthaí foghlama beartaithe an chlár a léiriú.
- Le tacaíocht ón soláthraí, bítear ag súil go ndéanfaidh gach foghlaimeoir a dhícheall ionracas acadúil a choinneáil, agus tascanna measúnaithe a dhéanamh go macánta agus go fírinneach, agus nach rachaidh siad i mbun bradaíola, calaois chonartha, comhcheilge le mic léinn eile i míchleachtas acadúil, úsáid neamhúdaraithé intleachta saorga giniúna, ná aon chineál eile míchleachtais acadúil, mímhacántachta nó mí-oiriúnachta agus nach nglacfaidh siadok le cabhair neamhúdaraithé le tascanna measúnaithe.

4.2 NÓSANNA IMEACHTA MEASÚNAITHE

Ní mór nósanna imeachta cuí a bheith san áireamh i nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta atá bunaithe ag soláthraithe trína léirítear go bhfuil an próiseas measúnaithe cothrom agus comhsheasmhach agus go gcoinnítear foghlaimeoirí ar an eolas faoin méid a bhfuiltear ag súil leis uathu agus faoina ndul chun cinn i dtreo é sin a bhaint amach. Gheofar sa roinn seo roinnt teorach ar conas nósanna imeachta den sórt sin a bhunú.

4.2.1 Measúnú a phleanáil

Ba chóir measúnú gach cláir a phleanáil sula dtosaíonn gníomhaíochtaí foghlama agus measúnaithe. Áireofar leis seo na nithe seo a leanas a phleanáil:

- na torthaí foghlama beartaithe a bheidh le measúnú
- an straitéis mheasúnaithe, na teicnící, na huirlisí, na pointí aiseolais, na scéimeanna marcála, na rúibricí, na critéir ghrádaithe, etc.
- na forálacha chun socruithe réasúnta a dhéanamh
- uainiú na ngníomhaíochtaí measúnaithe lena n-áirítear deiseanna le haghaidh athmheasúnú nó dara deiseanna le haghaidh measúnú, más gá
- na spriocdhátaí agus na dátaí dlite le hobair a chur isteach
- na spriocdhátaí agus na dátaí dlite le torthaí a thabhairt ar ais don soláthraí agus d'fhoghlaimeoirí lena n-áirítear aiseolas d'fhoghlaimeoirí
- an tslí a ndéantar marcanna a leithdháileadh agus a gcuirtear critéir mheasúnaithe i bhfeidhm

Ba chóir cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith straitéisí measúnaithe do chlár agus dá mhodúil a cheapadh. Ba chóir ró-mheasúnú a sheachaint mar is féidir leis a bheith ina bhac ar fhoghlaim

agus acmhainní foirne agus foghlaimeora a chur amú. Ba chóir aird a thabhairt ar bhuaic-ualaí oibre measúnaithe chomh maith leis an ualach oibre foriomlán mar d'fhéadfadh buaicphointí den sórt sin dul thar acmhainn an fhoghlaimeora fiú má tá an t-ualach oibre foriomlán indéanta má dháiltear go cothrom é. Ba chóir féachaint an bhféadfaí an measúnú a chomhtháthú mar chuid de mhodúil. Ba chóir go mbeadh dóthain deiseanna ag foghlaimeoirí fianaise a ghiniúint chun a léiriú go bhfuil na torthaí foghlama beartaithe bainte amach acu (.i. na caighdeáin ábhartha).

Ba cheart straitéis agus plan measúnaithe a cheapadh i gcás gach cláir lena n-áirítear cathain a dhéanfar an measúnú, na spriocanna maidir le hábhar a chur isteach srl.

Ba cheart measúnú a dhearadh le bheith chomh huilechuimsitheach agus is féidir.

4.2.2 Eolas d'fhoghlaimeoirí

Ba chóir gach faisnéis ábhartha a bhaineann leis an bpróiseas measúnaithe a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí sula dtugtar faoi ghníomhaíochtaí measúnaithe. Ní mór d'fhoghlaimeoirí a bheith lán-eolach ar na nithe seo a leanas:

- sonraí na dámhachtana/na ndámhachtainí a leanann as an gclár
- **na híostorthaí foghlama beartaithe** do gach ceann de na dámhachtainí
- eolas faoin gcaoi a ndéanfar measúnú orthu agus na ceanglais ghrádaithe
- beartais agus nósanna imeachta an tsoláthraí maidir le measúnú agus ionracas acadúil
- spriocdhátaí agus dátaí tábhachtacha
- eolas d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile acu
- eolas faoi phróiseas achomhairc an tsoláthraí

4.2.3 Spriocdhátaí measúnaithe

Ní mór don mheasúnú a bheith cothrom agus comhsheasmhach i ngach gníomhaíocht mheasúnaithe do gach foghlaimeoir. Chun cothroime agus comhsheasmhacht a chinntiú, ba cheart go mbeadh beartas agus nósanna imeachta soiléire, trédhearcacha ag soláthraithe maidir le spriocdhátaí chun fianaise foghlaimeoirí a chur isteach.

Bítear ag súil go gcuirfidh foghlaimeoirí fianaise mheasúnaithe i láthair laistigh den spriocthréimhse a shainithníonn an measúnóir mura bhfuil tosca maolaitheacha ann.

Ba cheart go soiléireodh nósanna imeachta an tsoláthraí maidir le spriocdhátaí measúnaithe don fhoghlaimeoir a bhfreagracht fianaise a chur i láthair don ghníomhaíocht mheasúnaithe laistigh den spriocthréimhse sonraithe agus na hiarmhairtí i gcás ina dteipeann ar an bhfoghlaimeoir é sin a dhéanamh.

Ba cheart do sholáthraí cabhrú le foghlaimeoir a sholáthraíonn fianaise ar thosca maolaitheacha agus aird chuí a thabhairt orthu. Féach alt 4.2.9 thíos maidir le forais atruacha.

Níor cheart go gcuirfeadh aon iarmhairtí a bhaineann le fianaise a chur isteach go déanach isteach ar na marcanna a bhronntar, áfach. Tar éis do sholáthraí glacadh le fianaise foghlaimeora, ba cheart í a mharcáil agus a ghrádú de réir na gcaighdeán don dámhachtain. Is ar bhonn na fianaise a chuirtear isteach de réir na gcaighdeán don dámhachtain agus ar an mbonn sin amháin a chinntear na marcanna agus an grád iarbhír a bhronntar.

Féadfaidh soláthraithe diúltú glacadh le fianaise ó fhoghlaimeoirí tar éis don spriocdháta a bheith caite, faoi réir forais atruacha agus tosca maolaitheacha. Caithfidh an soláthraí gach iarratas ar fhorais atruacha nó tosca maolaitheacha a mheas ar a fhiúntais féin.

4.2.4 Iontaofacht fianaise foghlaimeoirí

Ní mór iontaofacht na fianaise a bheith ina príomhábhar ag céim deartha an mheasúnaithe.

Is dea-chleachtas é nósanna imeachta a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun iontaofacht fhianaise an fhoghlaimeora a chinntiú. Nuair nach bhfuil ar chumas an mheasúnóra féachaint go díreach ar an bhfoghlaimeoir agus é/í i mbun na gníomhaíochta measúnaithe nó ag bailiú na fianaise go díreach, e.g. nuair a úsáidtear punann nó tionscadal, ní mór don mheasúnóir a bheith muiníneach gurb é an foghlaimeoir féin a thairg an fhianaise gan aon chúnamh neamhúdairithe. Tá forluí idir an chuid seo agus an chéad chuid eile ar mhíchleachtas measúnaithe.

Go hidéalach, ba chóir obair scríofa a scanadh le huirlis braite bradaíola agus ba chóir foghlaimeoirí a chur ar an eolas roimh ré go ndéanfar é seo.

Ba chóir foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi thábhacht an ionracais acadúil agus faoi na pionóis as í a sháru. Ba chóir iad a chur ar an eolas faoi na cleachtais nach mór dóibh a sheachaint agus rabhadh a thabhairt dóibh go bhfuil an baol ann go ndéoidh seirbhísí calaoise conartha ar líne orthu chun iad a mhealladh isteach i gcleachtais a cháilíonn mar mhíchleachtas acadúil.

Tá an cumas ag intleacht shaorga ghiniúnach dul chun leas foghlaimeoirí agus soláthraithe agus féadfaidh sé a bheith ina tairbhe nuair a dhéantar í a rialú i gceart agus nuair a bhíonn sí trédhearcach. Mar sin féin, ní mór é a dhéanamh soiléir d'fhoghlaimeoirí gur míchleachtas acadúil (i.e. mí-iompar) é intleacht shaorga a úsáid ar shlí neamhúdairithe agus as ábhar a fuarthas trí úsáid na hintleachta saorga a chur san áireamh gan lua agus go ngearrfar pionós dá bharr.

Seo a leanas bealaí inar féidir leis an measúnóir a dheimhniú go bhfuil fianaise an fhoghlaimeora iontaofa agus barántúil. Ba chóir don mheasúnóir réimse díobh seo a chur i bhfeidhm go cuí.

- ba cheart **seiceáil na bradaíola (le modhanna fóna a bhféadfadh úsáid uirlisí iontaofa bogearraí a bheith ar áireamh iontu)** a dhéanamh **go hidéalach** i gcás gach ábhar scríofa a chuireann foghlaimeoir ar fáil i suíomh neamh-mhaoirsithe.
- an foghlaimeoir a **cheistiú** faoin bhfianaise. Tá sé tábhachtach díriú ar an gcaoi ar táirgeadh an fhianaise. Cuirfidh sé seo ar chumas an fhoghlaimeora a thaispeáint gurbh é/í féin a bhí freagrach as an bhfianaise a tháirgeadh agus tabharfaidh sé deis dóibh an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a chur i bhfeidhm.
- **ráiteas údair** ón bhfoghlaimeoir ina ndearbhaítear gurb í a c(h)uid oibre bunaidh féin atá san fhianaise D'fhéadfaí ráiteas údair a sholáthar le gach fianaise a chuirtear ar fáil.
- **log pearsanta** – is taifead é seo ar an modh a d'úsáid an foghlaimeoir leis an bhfianaise a phleanáil agus a fhorbairt. Ba cheart fadhbanna a shainaithint sa log pearsanta, agus cuntas a thabhairt ar an tslí ar réitíodh iad.
- **ráitis phearsanta** – féadfar ráiteas pearsanta a úsáid chun gníomhartha an fhoghlaimeora a mhíniú ó thaobh gníomhaíochtaí a chur i gcrích nó fianaise a sholáthar. Ba cheart do ráitis phearsanta a bheith soiléir agus míniú iontu ar ról an fhoghlaimeora agus ar an gcomhthéacs inar táirgeadh an fhianaise. Is féidir le ráitis phearsanta fianaise ar eolas agus ar thuiscint a sholáthar.

- **Piarthuarascálacha** – tá siad seo oiriúnach go háirithe d’obair ghrúpa. Is tuarascálacha iad piarthuarascálacha a dhréachtaíonn baill den ghrúpa agus a chabhróidh le rannpháirtíocht aonair i dtasc nó i dtionscadal a mhíniú.
- **fianaise neamhspleách** – is ráiteas é seo a tháirgeann duine aonair seachas an measúnóir, a dhearbhaíonn gur chuir an foghlaimeoir sraith tascanna i gcrích nó gur tháirg sé táirge. Ba chóir go dtaifeadfaí ann an méid a léirigh an foghlaimeoir agus go ndeimhneoidh sé fianaise foghlaimeora a cuireadh isteach. Ba chóir aitheantas agus ról an duine aonair chun fianaise a sholáthar don fhoghlaimeoir a chomhaontú roimh ré idir an measúnóir agus an foghlaimeoir. Níl úsáid na fianaise neamhspleáiche ceaptha mar mheicníocht chun fianaise foghlaimeora a mheasúnú ach mar uirlis chun iontaofacht na fianaise sin a chomhth-thacú.

4.2.5 Míchleachtas measúnaithe

Ba chóir go mbeadh nósanna imeachta i bhfeidhm ag an soláthraí chun aon chineál míchleachtais mheasúnaithe a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar bhailíocht an mheasúnaithe a imscrúdú agus déileáil leis.

Ba chóir bearta cuí a chur i bhfeidhm chun míchleachtas measúnaithe a chosc agus a sheachaint chun ionracas an phróisis mheasúnaithe a chinntiú.

I measc samplaí de ghníomhaíochtaí míchleachtais mheasúnaithe tá (ach gan a bheith teoranta dóibh):

- bradaíl foghlaimeoirí i.e. obair duine eile a chur i láthair mar obair an fhoghlaimeora féin le cead nó gan chead. D’fhéadfadh bradaíl a bheith i gceist leis seo trí obair foghlaimeora eile a úsáid nó tabhairt ar dhuine eile an ghníomhaíocht mheasúnaithe a dhéanamh (calaois chonatha)
- úsáid neamhluaite na hntleachta saorga giniúnaí chun an obair a cuireadh isteach lena measúnú a tháirgeadh
- pearsantú a dhéanamh ar fhoghlaimeoir eile
- fianaise a chumadh
- torthaí a athrú
- ábhar slán measúnaithe a fháil go héagórach, e.g. scrúduithe
- tú féin a iompar ar bhealach ar bith a chuirfeadh ionracas an phróisis mheasúnaithe i mbaol.

Ní mór don soláthraí imscrúdú a dhéanamh ar gach líomhain míchleachtais.

Agus líomhain míchleachtais á imscrúdú, ba chóir don soláthraí a chinntiú go gcríochnaítear í laistigh de thréimhse réasúnta ionas nach gcuirtear an foghlaimeoir a ndearnadh líomhain neamhchruthaithe ina leith faoi mhíbhuntáiste.

Ba cheart an toradh ar imscrúdú ar mhíchleachtas measúnachta a áireamh i dtuarascáil deiridh an fhíordheimhniitheora sheachtraigh.

4.2.6 Slándáil na bpróiseas agus an ábhair a bhaineann le measúnú:

Ba cheart go n-áireofaí i nósanna imeachta agus i gcórais mheasúnaithe meicníochtaí chun taifid mheasúnaithe foghlaimeoirí a thaifeadadh, a stóráil agus rochtain a fháil orthu.

Is sonraí pearsanta iad taifid mheasúnaithe foghlaimeoirí agus baineann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí leo.

Teastaíonn meicníochtaí slána stórála agus rúndachta i gcás teicnící measúnaithe sonracha amhail scrúduithe chun a mbailíocht agus a gcomhsheasmhacht a chinntiú. Ba cheart do sholáthraithe a chinntiú go ndéantar foráil leordhóthanach chun ábhar slán a stóráil.

Agus an nós imeachta seo á dhearadh, ba cheart achomhairc féideartha ó fhoghlaimeoirí a chur san áireamh, lena n-áirítear an gá atá le haighneachtaí foghlaimeoirí a choinneáil go dtí go mbeidh na próisis achomhairc tugtha chun críche.

4.2.7 Taifid agus doiciméid

Ba chóir do sholáthraí a chinntiú go gcoinnítear gach doiciméad measúnaithe, gach taifead fíoraithe agus doiciméad eile ar an tslí is oiriúnaí agus go gcuirtear ar fáil iad ar mhaithe le fíorú inmheánach agus fíordheimhniú seachtrach i measc rudaí eile.

Seo a leanas samplaí de na rudaí a d'fhéadfadh a bheith i dtaifead measúnaithe foghlaimeora aonair:

- ainm an fhoghlaimeora
- sonraí teagmhála
- teideal na dámhachtana QQI
- teideal an chláir
- aon riachtanais shonracha foghlaimeora
- ainm(neacha) an mheasúnóra/na measúnóirí
- ainm(neacha) an fhíoraitheora/na bhfíoraitheoirí inmheánacha agus an fhíordheimhnitheora/na bhfíordheimhnitheoirí seachtracha nuair is cuí
- dátaí agus sonraí aiseolas an fhoghlaimeora
- dátaí agus torthaí ar ghníomhaíochtaí measúnaithe i.e. grád taifeadta (arna chrostagairt leis an dámhachtain chuí)
- toradh an phróisis cheadaithe torthaí, lena n-áirítear achomhairc
- an dáta a bhfuarthas an dámhachtain

Chomh maith leis an méid thuas, ba chóir gach mír fianaise measúnaithe a chuireann an foghlaimeoir isteach a thaifeadadh mar rud a fuarthas (cur síos, dáta agus am) chun aon easaontas idir an foghlaimeoir agus an measúnóir a chosc. Is meicníochtaí iad admhálacha nó síniú an fhoghlaimeora ar féidir iad a úsáid mar fhianaise air seo.

4.2.8 Socruithe réasúnta

Ceanglaíonn na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2004, ar bhunaíochtaí oideachais agus oiliúna socruithe réasúnta a dhéanamh chun freastal ar riachtanais úsáideoir seirbhíse (i.e. foghlaimeoir) atá faoi mhíchumas.

I gcomhthéacs an mheasúnaithe, is é socrú réasúnta an téarma a úsáidtear ar mheasúnú a oiriúnú de réir mar is gá chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí a bhfágann a gcás pearsanta go mbeadh an measúnú éagórach murach sin, e.g. foghlaimeoirí faoi mhíchumas, agus/nó foghlaimeoirí eile arna gclúdach ag reachtaíocht chomhionannais.

Ba cheart go gcuirfeadh aon oiriúnú a dhéanadh an measúnóir ar an measúnú ar chumas an fhoghlaimeora a léiriú go sroicheann siad an caighdeán (na torthaí foghlama beartaithe) gan an caighdeán a athrú go suntasach.

Níl sé beartaithe le socruithe/oiriúnuithe speisialta measúnaithe bailíocht agus iontaofacht an mheasúnaithe a laghdú ná an caighdeán a chur i mbaol, agus níor cheart dóibh é sin a dhéanamh.

Ba cheart don oiriúnú féachaint le leasú a dhéanamh ar na gnéithe den teicníc nó den ionstraim measúnaithe a chuireann cosc ar rannpháirtíocht foghlaimeora sa mheasúnú. Ba cheart é a úsáid i gcás ina gcuireann na teicnící nó na hionstraimí measúnaithe ar leith an foghlaimeoir faoi mhíbhuntáiste sa mheasúnú.

Féadfaidh an soláthraí oiriúnuithe ar mheasúnú d'fhoghlaimeoir a chur i bhfeidhm gan cead a iarraidh ó QQI. Mar shampla, d'fhéadfadh na hoiriúnuithe seo a leanas agus/nó socruithe réasúnta eile a bheith san áireamh:

- modhnú ar chur i láthair tascanna/páipéir scrúdaithe m.sh. méaduithe
- scríobhaithe/léitheoirí
- úsáid teanga chomharthaíochta
- cúntóirí praiticiúla
- tréimhsí scíthe
- trealamh/bogearraí oiriúnaitheach
- úsáid na teicneolaíochta cúnta
- am breise.

Cinntear, trí na hoiriúnaithe seo a chur i bhfeidhm, go ndéanfar gach foghlaimeoir a mheasúnú ar bhonn cothrom. An soláthraí is ea atá freagrach as na hoiriúnaithe a chur i bhfeidhm agus as aon chostais ghaolmhara a thabhaítear.

4.2.9 Forais atruacha

Féadfar nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chumasú chun iarratas ar fhorais atruacha a dhéanamh maidir lena measúnú. D'fhéadfadh soláthraí a chumasú d'fhoghlaimeoirí nach féidir leo gníomhaíocht mheasúnaithe shonrach a dhéanamh, nó a chreideann go mbeadh a bhfeidhmíocht lagaithe go mór mar gheall ar chúinsí eisceachtúla, iarratas a dhéanamh chun an measúnú a chur siar i.e. cead a fháil an ghníomhaíocht mheasúnaithe a dhéanamh ar ócáid eile.

Seo a leanas samplaí de chúinsí ina bhféadfadh soláthraí smaoineamh ar fhorais atruacha a cheadú don fhoghlaimeoir:

- gortú fisiciúil nó tráma mothúchánach
- míchumas fisiciúil nó riocht ainsealach nó míchumasaithe nó tinneas eile a chuireann isteach ar an bhfoghlaim
- bás ball teaghlaigh nó cara le deireanas
- timpiste thromchúiseach
- géarchéim bhaile
- tinneas doleigheasta i gcás neasbhall teaghlaigh
- cúinsí maolaitheacha eile.

Ba cheart go mbeadh ar an bhfoghlaim, in aon nós imeachta maidir le forais atruacha, fianaise/ doiciméadacht chuí a sholáthar m.sh. ráiteas ó lia-chleachtóir.

Ba cheart don soláthraí déine na gcúinsí agus cineál na gníomhaíochta measúnaithe a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh le forais atruacha a dheonú.

4.2.10 Gníomhaíocht mheasúnaithe a athdhéanamh

I gcás nach n-éiríonn le foghlaim, ar an gcéad iarracht i ngníomhaíocht mheasúnaithe suimiteach, is dea-chleachtas é don soláthraí deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí an ghníomhaíocht mheasúnaithe a athdhéanamh chun grád pas a bhaint amach.

Braitheann deiseanna chun gníomhaíocht mheasúnaithe a athdhéanamh ar chineál na gníomhaíochta agus ar na saincheisteanna praiticiúla agus/nó oibríochtúla atá i gceist. . Aithnítear go bhféadfadh srianta sonracha a bheith ar sholáthraithe a fhágann nach féidir leo deiseanna athmheasúnaithe a thairiscint d'fhoghlaimeoirí.

Ba chóir do sholáthraithe foghlaim a chur ar an eolas faoi cibé an bhfuil deiseanna ar fáil nó nach bhfuil chun measúnuithe a athdhéanamh agus na nósanna imeachta gaolmhara más infheidhme.

Ní gá do sholáthraí fógra a thabhairt do QQI maidir le gníomhaíochtaí athmheasúnaithe. Seoltar an toradh ceadaithe deiridh ar ais chuig QQI.

4.3 MEASÚNÚ A CHEAPADH

Úsáidtear teicnící measúnaithe éagsúla chun foghlaim a mheasúnú. Ní mór don mheasúnú a bheith bailí agus réasúnta iontaofa i gcónaí. Tabhair ar aird go mbraitheann bailíocht agus iontaofacht ar níos mó ná an teicníc a úsáidtear le haghaidh measúnú agus dá bhrí sin ní bhíonn teicnící measúnaithe bailí ná iontaofa iontu féin.

Áirítear teicnící measúnaithe i sonraíochtaí dámhachtainí Chóras Comhdhámhachtainí QQI. Níl soláthraithe **faoi cheangal** na teicnící seo a úsáid ach bítear ag súil go gcomhlíonfaidh siad na straitéisí measúnaithe atá leagtha amach ina gclár bailíochtaithe (féach freisin 4.1.2).

Áirítear le líon beag de chaighdeáin QQI coinníollacha speisialta bailíochtaithe ina ndírítear ar ghné éigin den mheasúnú nó ar an gcaoi a bhfuiltear ag súil go seolfar é. Tá ceangal ar sholáthraithe cloí leis na coinníollacha sin.

Agus measúnú bunaithe ar theicníc á cheapadh, bítear ag súil go gcinnteoidh an soláthraí go gcuirfear na nithe seo a leanas ar fáil:

- ionstraim mheasúnaithe m.sh. páipéar scrúdaithe/ceisteanna nó treoir thaisc.
- teoracha gaolmhara
- critéir mheasúnaithe (faoi réir dhoiciméadacht an chláir bhailíochtaithe)
- scéim mharcála

Tá sé riachtanach go mbeadh foghlaimeoirí soiléir faoin méid a mbeifear ag súil leis uathu. Is gá aird ar leith a thabhairt ar ullmhú agus ar chumarsáid i gcás treoir mheasúnaithe agus is féidir treoir a chur in iúl ar bhealaí éagsúla m.sh. trí mheáin físeáin nó fuaimchomhaid chomh maith le téacs.

Sula dtugtar faoi mheasúnú, ní mór treoir shoiléir a thabhairt d'fhoghlaimeoirí (trí threoir mheasúnaithe más ann dó nó ar shlí eile) maidir leis na nithe seo a leanas:

- Beartais agus nósanna imeachta an tsoláthraí i ndáil le hionracas acadúil. Eolas faoi na cineálacha éagsúla míchleachtais, a mbrath agus na pionóis a d'fhéadfaí a ghearradh i gcás cásanna míchleachtais acadúil.
- Na caighdeáin riachtanacha maidir le cur i láthair agus cur isteach obair lena measúnú, lena n-áirítear aon cheanglais shonracha maidir le formáidiú nó tagairtí atá le cur i bhfeidhm.
- Frámaí ama maidir le cur isteach obair lena measúnú.

Ba chóir go mbeadh a fhios ag foghlaimeoirí conas agus cén fáth a ndéanfar iad a mheasúnú. Is slí mhaith chun seo a dhéanamh a bheith soiléir faoi na híostorthaí foghlama a mbeifear ag súil go mbeidh ar a gcumas a léiriú. Tá sé tábhachtach freisin a bheith soiléir faoi na critéir ghinearálta (Roinn 4.6) le haghaidh pas le tuilleanas nó pas le gradam.

Mar sin féin, agus critéir mheasúnaithe á gcur ar fáil d'fhoghlaimeoirí, ní mór a bheith cúramach gan critéir a sholáthar atá chomh sonrach sin go mbainfidh siad an bonn de bhailíocht an mheasúnaithe.

4.3.1 Teicnící measúnaithe

Tá go leor bealaí ann chun foghlaim a mheas. Úsáidtear na teicnící seo a leanas go coitianta i mbreisoideachas agus in oiliúint in Éirinn agus is mar thagairt amháin a thugtar anseo iad.

- Tasc
- Tionscadal

- Punann
- Léiriú scileanna
- Scrúdú
- Taifid Foghlaimeora

Faoi réir bhailíochtú na gclár ábhartha, tá saoirse ag soláthraithe aon teicnící a úsáid sna cláir sin as a leanann measúnú cothrom, comhsheasmhach, bailí agus iontaofa ar a bhfoghlaimeoir i gcomparáid leis an gcaighdeán ábhartha agus **ní hamháin** iad siúd atá liostaithe thuas. Féach ar réamhrá in Alt 4.3.

Is éard is ionstraim mheasúnaithe ann an ghníomhaíocht/tasc nó an cheist/na ceisteanna sonracha a cheapann an measúnóir. Ní mór do dhearadh na n-ionstraimí measúnaithe

- a chumasú do na foghlaimeoirí ábhartha fianaise a ghiniúint ar féidir í a thomhas i gcomparáid leis na torthaí foghlama ábhartha beartaithe
- a chumasú do mheasúnóirí cinntí measúnaithe iontaofa a dhéanamh
- a roghnú chun an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil.

Tá an t-ábhar tagartha thíos ar theicnící measúnaithe BOO a úsáidtear go coitianta deartha chun cabhrú le soláthraithe.

4.3.2 Tasc

Is cleachtadh é **tasc** a dhéantar mar fhreagra ar **threoir** lena ngabhann treoirlínte sonracha maidir leis an méid a ba chóir a chur san áireamh. De ghnáth maireann tasc achar gearr agus/nó is féidir é a dhéanamh in imeacht thréimhse shonraithe ama. Féadfaidh tasc a bheith i bhfoirm ghníomhaíocht phraiticiúil m.sh., tasc praiticiúil nó gníomhaíocht taighde ina n-iarrtar ar an bhfoghlaimeoir ábhar ar leith a imscrúdú agus déantán a dhéanamh ar deireadh. Ba chóir go léireodh tasc réimse torthaí foghlama.

Ba chóir treoir a chumadh i gcás gach tasc. Ba chóir treoirlínte nó teoracha a bheith ag gabháil leis an treoir. Ba chóir go mbeadh an treoir agus na treoirlínte soiléir agus gan débhrí. Ba chóir don mheasúnóir a chinntiú i gcás treoir an tasc:

- go léiríonn sí raon torthaí foghlama ábhartha beartaithe
- go bhfuil sé soiléir agus gan débhrí agus go bhfuil gach treoir ann is gá chun an tasc a chur i gcrích
- go léiríonn sé an céatadán ualaithe don tasc
- go gcuireann sé san áireamh infhaighteacht acmhainní agus/nó ábhar a theastaíonn ón bhfoghlaimeoir
- go bhfuil critéir mheasúnaithe soiléire agus ualú cuí ann
- go léiríonn sé ualú céatadáin na teicníce measúnaithe
- go n-áirítear leis faisnéis maidir le fianaise agus spriocdhátaí aighneachta
- go n-áirítear leis ráiteas maidir le hionracas acadúil

- go n-áirítear leis ráiteas faoi mhodhanna seiceála bradaíola agus/nó bogearraí a d'fhéadfaí a úsáid.

Ba cheart scéim mharcála shoiléir a cheapadh freisin, lena n-áirítear critéir mheasúnaithe, lena n-aibhsítear an tslí a ndéanfar an tasc a ghrádú.

4.3.3 Tionscadal

Is freagra é **tionscadal** ar **threoir** a cheapann an measúnóir. Déantar tionscadal in imeacht thréimhse a shonraítear sa treoir agus féadfaidh taighde a bheith i gceist leis, sin nó imscrúdú ar thopaic, ar shaincheist nó ar fhadhb. Mar mhalairt air sin, féadfaidh próiseas amhail tasc dearaidh, taibhiú, gníomhaíocht phraiticiúil, nó táirgeadh déantáin nó imeachta a bheith riachtanach.

Is é treoir an tionscadail an ionstraim mheasúnaithe don tionscadal sin. Ba cheart don treoir raon torthaí foghlama a léiriú.

I gcás grúpa a thugann faoi thionscadal, ní mór don treoir a cheangal go n-aithneofar go soiléir rannchuidiú aonair gach foghlaimeora agus go gcuirfear nósanna imeachta i bhfeidhm chun iontaofacht fianaise foghlaimeoirí a chinntiú.

Cumasaíonn tionscadail d'fhoghlaimeoirí a léiriú gur sroicheadh raon torthaí foghlama lena n-áirítear: tuiscint agus cur i bhfeidhm coincheap, úsáid taighde agus faisnéise, an cumas dearadh agus meastóireacht a dhéanamh, an cumas rud a tháirgeadh nó a thógáil.

Ba chóir don mheasúnóir a chinntiú i gcás treoir an taisc:

- go léirítear ann raon torthaí foghlama ábhartha beartaithe
- go bhfuil sí soiléir agus gan débhrí
- go léirítear ann céatadán an ualaithe don tionscadal
- go gcuireann sí san áireamh infhaighteacht acmhainní agus/nó ábhar a bheidh ag teastáil ó fhoghlaimeoirí amhail rochtain ar fhoinsí taighde
- go n-áirítear leis fógra faoin spriodhata comhaontaithe chun fianaise a chur isteach
- go n-áirítear leis faisnéis ábhartha amhail; ceanglais maidir le cur i láthair an tionscadail, treoirlínte maidir le hobair ghrúpa nó obair chomhoibríoch
- go n-áirítear leis ráiteas maidir le hionracas acadúil
- go n-áirítear leis ráiteas faoi mhodhanna seiceála bradaíola agus/nó bogearraí a fhéadfar a úsáid.

4.3.4 Punann/bailiúchán saothar

Is bailiúchán agus/nó rogha míreanna oibre é **punann** nó **bailiúchán oibre** a tháirgeann an foghlaimeoir mar fhreagra ar **threoir**, thar thréimhse a léiríonn go bhfuil raon torthaí foghlama bainte amach aici nó aige.

Ceapann an measúnóir treoirlínte agus teoracha don fhoghlaimeoir agus cuireann sé iad seo in iúl tríd an treoir. Úsáideann an foghlaimeoir an treoir chun bailiúchán dá c(h)uid oibre féin a thiomsú.

Ba chóir don mheasúnóir a chinntiú i gcás treoir na punainne:

- go léiríonn sí raon torthaí foghlama ábhartha beartaithe
- go bhfuil sí soiléir, gan débhrí agus go bhfuil teoracha ann a léiríonn raon na dtorthaí foghlama atá á measúnú
- go n-áirítear leis treoirlínte maidir le méid agus raon na fianaise a bhfuiltear ag súil go dtiomsóidh an foghlaimeoir
- go n-áirítear leis treoirlínte maidir le formáid agus cur i láthair na fianaise sa bhailiúchán
- go leagtar amach ann na critéir mheasúnaithe
- go leagtar amach ann ualú na punainne/an bhailiúcháin oibre i gcomhthéacs mheasúnú iomlán na dámhachtana
- go n-áirítear leis faisnéis ábhartha faoi acmhainní agus/nó ábhair riachtanacha
- go n-áirítear leis ráiteas maidir le hionracas acadúil
- go n-áirítear leis ráiteas faoi mhodhanna seiceála bradaíola agus/nó bogearraí a fhéadfar a úsáid.

4.3.5 Léiriú scileanna

Úsáidtear taispeántas scileanna chun raon leathan torthaí foghlama praiticiúla a mheas, lena n-áirítear scileanna agus eolas praiticiúil, amhail scileanna saotharlainne, sci leanna idirphearsanta nó scileanna teanga ó bhéal. Ní mór don mheasúnóir treoir nó sraith teoracha agus/nó tascanna a cheapadh d'fhoghlaimeoirí.

Ní mór fianaise leordhóthanach ón bhfoghlaimeoir a chur ar fáil ón taispeántas scileanna le haghaidh fíorú inmheánach agus fíordheimhniú seachtrach. I gcás taispeántais phraiticiúil atá bunaithe ar thasc, féadfaidh sé seo raon de na nithe seo a leanas a áireamh:

- táirge/toradh na dtascanna más infheidhme i.e. priontáil ríomhaire
- fianaise ghrianghrafadóireachta nó físeáin den fhoghlaimeoir i mbun an taisc
- cuntas an fhoghlaimeora ar an tasc.

Féadfar taispeántas scileanna a dhéanamh san ionad oibre i.e. i dtimpeallacht bheo nó i dtimpeallacht insamhalta, de réir mar a oireann do riachtanas na dtorthaí foghlama agus an chlár atá beartaithe. I gcásanna sonracha áirithe, **caithfear** an taispeántas a dhéanamh i dtimpeallacht fhíor/bheo.

Chomh maith leis an treoir thíos, ba chóir don mheasúnóir a chinntiú i gcás na teorach don taispeántas scileanna:

- go léiríonn sí raon torthaí foghlama ábhartha beartaithe
- go n-áirítear leis faisnéis maidir le fianaise agus spriocdhátaí aighneachta
- go n-áirítear leis ráiteas maidir le hionracas acadúil

Taispeántas scileanna i dtimpeallacht insamhalta

Féadfar taispeántas scileanna a dhéanamh i dtimpeallacht insamhalta le rólghlacadh nó cásanna insamhalta, mar shampla. Ba chóir go gcuirfeadh an timpeallacht ar chumas an fhoghlaimeora raon leathan torthaí foghlama a léiriú.

Agus breathnóireacht á déanamh i dtimpeallacht insamhalta, ba chóir don mheasúnóir a chinntiú:

- go bhfaigheann an foghlaimeoir teoracha agus treoirilíní soiléire maidir le conas a dhéanfar an measúnú agus cad a bheith á mheasúnú, e.g. fad ama, ceisteanna ó bhéal a chur san áireamh de réir mar is cuí
- go n-ullmhaítear an timpeallacht go cúramach agus go bhfuil an trealamh agus/nó na hábhair riachtanacha ar fáil don fhoghlaimeoir
- go mbíonn na tascanna agus na coinníollacha chomh réalaíoch agus is féidir agus chomh gar don timpeallacht 'iarbhír'
- go sainaithnítear an fhianaise foghlaimeora atá le giniúint.

Ba cheart scéim mharcála shoiléir a cheapadh freisin, lena n-áirítear critéir mheasúnaithe ina leagtar béim ar an tslí a ndéanfar fianaise an fhoghlaimeora a ghrádú.

Taispeántas scileanna san ionad oibre nó i dtimpeallacht bheo

Féadfar taispeántas scileanna a dhéanamh san ionad oibre nó i dtimpeallacht bheo mar chuid de ghnáthobair an fhoghlaimeora. Sa timpeallacht seo, d'fhéadfadh an measúnóir, mar shampla, a bheith ina oiliúnóir nó ina mhaoirseoir san ionad oibre, ina mheantóir nó ina chóitseálaí poist.

Féadfaidh taispeántais scileanna san ionad oibre a bheith mar chuid d'oiliúint ar an láthair oibre. Déantar breathnú ar an bhfoghlaimeoir agus é/i i mbun tascanna laistigh den ionad oibre de réir an chaighdeáin atá riachtanach agus laistigh d'am sonraithe.

Agus taispeántas scileanna á dhéanamh san ionad oibre, ba cheart cloí leis na treoirilíní dea-chleachtais atá leagtha amach thuas agus ní mór fianaise leordhóthanach ón bhfoghlaimeoir a ghiniúint. Ina theannta sin, ba cheart gach saincheist a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a chur i bhfeidhm.

4.3.6 Scrúdú

Soláthraíonn scrúdú (leabhar dúnta, nach bhfaca an t-iarrthóir roimh ré, faoi mhaoirseacht) bealach chun measúnú a dhéanamh ar chumas an fhoghlaimeora eolas, scileanna agus tuiscint a thabhairt chun cuimhne agus a chur i bhfeidhm laistigh de thréimhse socraithe ama agus faoi choinníollacha atá sonraithe go soiléir.

Is cineál measúnaithe iad scrúduithe inar gá go hiondúil fráma ama socraithe agus páipéar ar a bhfuil raon ceisteanna nach bhfaca an t-iarrthóir roimh ré. Is é an páipéar scrúdaithe an uirlis mheasúnaithe do scrúduithe i.e. ceisteanna nó tascanna atá ceaptha don fhoghlaimeoir.

Féadfaidh scrúduithe a bheith:

- **praiticiúil**; measúnú a dhéanamh ar scileanna praiticiúla sonraithe a léirítear i dtréimhse ama socraithe faoi choinníollacha srianta

- **i bhfoirm agallaimh;** measúnú a dhéanamh ar fhoghlaím trí cheistiú ó bhéal, duine le duine nó i ngrúpa
- **i bhfoirm chluastrialach,** scileanna éisteachta agus léirmhínte a mheasúnú
- **bunaithe ar theoiric;** measúnú a dhéanamh ar chumas an fhoghlaimeora coincheapa agus teoiric a thabhairt chun cuimhne, a chur i bhfeidhm, a aithint agus a thuiscint. D'fhéadfadh go mbeadh gá le freagraí ar raon cineálacha ceisteanna, mar shampla, cuspóir, freagra gearr, aiste struchtúrtha. Féadfar na ceisteanna seo a fhreagairt i meáin éagsúla mar shampla i scríbhinn nó ó bhéal.

Agus scrúdú á cheapadh, ba cheart don mheasúnóir a chinntiú:

- go léiríonn ceisteanna nó tascanna na torthaí foghlama ábhartha atá beartaithe
- go bhfuil na treoracha soiléir agus gan débhrí
- go mbíonn leathanach clúdaigh ar scrúduithe ina leagtar amach sonraí amhail teideal an scrúdaithe, an dáta, na hamanna tosaithe agus críochnaithe, treoracha maidir leis na ceisteanna a gcaithfear tabhairt fúthu, agus na marcanna atá ar fáil
- ba chóir leabhair/páipéir freagraí a sholáthar d'fhoghlaimeoirí chun a gcuid freagraí a scríobh iontu, nuair is cuí
- coinnítear rúndacht le linn ullmhú agus reáchtáil na ndoiciméad i scrúdú nuair nach bhfacthas na páipéir roimh ré
- go dtugtar ceisteanna scrúdaithe éagsúla do ghrúpaí foghlaimeoirí atá á measúnú ag amanna éagsúla
- go bhfuil acmhainní nó trealamh sonracha atá riachtanach ar fáil agus i riocht maith oibre
- go bhfuil leithdháileadh agus ualú na marcanna soiléir don fhoghlaimeoir
- go bhfuil an foghlaimeoir ar an eolas faoi ualú an scrúdaithe i ndáil leis an modúl, an chéim nó an clár de réir mar is cuí
- go bhfuil timpeallacht chiúin ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun an scrúdú a dhéanamh.

Ba chóir scéim mharcála shoiléir a cheapadh freisin ina leagtar béim ar an tslí a leithdháilfear marcanna ar leith.

4.3.6.1 Scrúdú bunaithe ar theoiric

Féadfar scrúduithe bunaithe ar theoiric a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chumas an fhoghlaimeora teoiric agus eolas sonracha a thabhairt chun cuimhne, a chur i bhfeidhm agus a thuiscint.

Féadfaidh scrúduithe bunaithe ar theoiric raon cineálacha ceisteanna a bheith iontu amhail:

- I gcás ceisteanna freagraí gearra is gá freagra d'fhad teoranta a fhéadfaidh a bheith i bhfoirmeacha éagsúla.
- Roinntear ceisteanna struchtúrtha ina gcodanna gaolmhara agus de ghnáth iarrtar ar an bhfoghlaimeoir eolas agus tuiscint níos doimhne ar thopaic a léiriú. Féadfaidh ceisteanna struchtúrtha fianaise ar scileanna cognaíocha a lorg freisin, amhail an cumas saincheist, fadhb nó topaic a phlé, a chur i gcomparáid, a anailísiú, a mheas, a aistriú nó a réiteach.

- Tá ceisteanna inar gá aiste a scríobh cosúil le ceisteanna struchtúrtha, sa mhéid is gur gá don fhoghlaimeoir eolas agus tuiscint dhomhain ar thopaic a léiriú. De ghnáth, díríonn ceisteanna de chineál aiste ar réimse eolais amháin agus lorgaítear iontu fianaise ar scileanna cognaíocha amhail an cumas saincheist, fadhb nó topaic a phlé, a chur i gcomparáid, a anailísiú, a mheas, a aistriú nó a réiteach.
- Féadfar tástálacha/ceisteanna ilroghnacha a úsáid chun eolas fíorasach, tuiscint, cur i bhfeidhm, anailís, réiteach fadhbanna agus meastóireacht a thástáil. Ós rud é nach ceisteanna oscailte iad ceisteanna ilroghnacha, níl siad úsáideach chun scileanna cumarsáide a mheasúnú amhail an cumas faisnéis a eagrú agus a chur in iúl agus scríobh go líofa agus go tapa.

Chun nach ndéanfar éilimh iomarcacha ar an bhfoghlaimeoir, moltar nach mairfeadh scrúduithe scríofa níos faide ná 3 uair an chloig. Agus fad agus leagan amach an scrúdaithe á chinneadh, ní mór céatadán ualaithe an scrúdaithe a chur san áireamh.

4.3.6.2 Scrúduithe praiticiúla

Is éard is scrúduithe praiticiúla ann de ghnáth tréimhse ama shocraithe a leithdháileadh ar an bhfoghlaimeoir chun eolas praiticiúil, scileanna nó inniúlacht a léiriú.

Chun a chinntiú go bhfuil an foghlaimeoir ullmhaithe go leordhóthanach do scrúdú praiticiúil, ba chóir sraith treoracha a sholáthar dóibh ina leagtar amach:

- suíomh agus fad an scrúdaithe (braitheann an fad ar chineál an tasc)
- sonraí na dtorthaí foghlama a mheasúnófar agus/nó treoracha chun an measúnú a dhéanamh e.g. comhadainmneacha
- ábhair agus/nó trealamh a chaithfidh an foghlaimeoir a bheith aige nó a chuirfear ar fáil
- leithdháileadh na marcanna.

4.3.6.3 Scrúduithe praiticiúla, taifeadadh fuaime nó fístaifead a ullmhú

Agus scrúdú praiticiúil á cheapadh, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach don mheasúnóir ábhar a ullmhú d'úsáid an fhoghlaimeora, e.g. taifeadadh fuaime nó fístaifead. Agus an cineál seo ábhair á ullmhú, ba chóir don mheasúnóir a chinntiú go bhfuil:

- treoracha agus faisnéis leordhóthanach á gcur ar fáil do na foghlaimeoirí
- tús eolais san áireamh le gach tasc ina dtugtar treoracha soiléire maidir lena bhfuil le déanamh sna heilimintí/tascanna ar leithligh
- tascanna aonair aitheanta go soiléir de réir uimhreach
- sos beag fágtha idir gach tasc agus go n-úsáidtear foclaíocht, ton agus luas soiléir cainte gan débhrí.

4.3.6.4 Cluastrialacha

Féadfar cluastrialacha a úsáid nuair a bhíonn scileanna agus inniúlachtaí éisteachta á measúnú, mar shampla, i ndámhachtainí teanga. Chun a chinntiú go bhfuil foghlaimeoirí ullmhaithe go leordhóthanach do chluastrialacha, ba chóir sraith treoracha a thabhairt dóibh, i scríbhinn de ghnáth, ina leagtar amach:

- teideal, suíomh agus fad an scrúdaithe

- sonraí faoi na torthaí foghlama atá beartaithe a mheasúnú
- an tslí a ndéanfar an scrúdú, mar shampla, d'fhéadfadh tréimhse ama shocraithe a bheith ag foghlaimeoirí chun téacs a léamh roimh ré agus féadfar an téip a sheinm líon socraithe uaireanta
- sonraí faoi fhoclóirí nó ábhair thagartha eile a d'fhéadfadh foghlaimeoirí a úsáid
- leithdháileadh na marcanna.

4.3.6.5 Scrúdú i bhfoirm agallaimh

Agus scrúdú i bhfoirm agallaimh á úsáid, ba chóir don mheasúnóir a chinntiú:

- Go bhfuil raon iomlán na gceisteanna féideartha atá ceaptha soiléir agus neamhdhébhríoch agus bunaithe ar na torthaí foghlama sonracha atá beartaithe.
- Go bhfuil an foghlaimeoir ar an eolas faoi na torthaí atá á measúnú agus faoin tslí a leithdháilfear marcanna.
- Go n-úsáidtear ceisteanna oscailte inar gá freagra mionsonraithe a thabhairt agus ina dtugann deis don fhoghlaimeoir a gcuid eolais ar an/na topaicí a léiriú.
- Go ndéantar an t-agallamh ar shlí chomhchosúil agus go maireann sé fad ama comhchosúil, i gcás gach foghlaimeora.
- Nach spreagann an cheist an freagra ná nach gcuirtear na ceisteanna i seiceamh a d'fhágfadh go mbeadh freagra ceiste le fáil i gceist a cuireadh roimhe sin. Ceistiú faoi threoir a thugtar air seo. Is éard is ceistiú faoi threoir ceistiú ina nglactar leis go bhfuil freagra áirithe ar cheist nó ina moltar freagra áirithe.
- Úsáidtear ceistiú forlíontach le tuiscint a fháil ar an gcur chuige a bhí ag foghlaimeoir i leith tasc ar leith. Féadfar é seo a úsáid, leis, chun iontaofacht fhianaise an fhoghlaimeora a chinntiú.

4.3.7 Taifead foghlaimeora

Is éard is **taifead foghlaimeora** ann taifead féintuairiscithe agus féinnmhachnaimh an fhoghlaimeora mar fhreagra ar **threoir** ina ndéanann sé/sí cur síos ar eispéiris foghlama, gníomhaíochtaí, freagraí agus scileanna sonracha a sealbhaíodh.

Féadfaidh an taifead a bheith i bhfoirmeacha éagsúla: logleabhar struchtúrtha, dialann, taifead roghnach ar imeachtaí nó ar eispéiris thar thréimhse ama, cuntas foghlama, leabhar nótaí saotharlainne nó ina leabhar sceitsí.

Mar shampla, d'fhéadfaí tascanna nó gníomhaíochtaí sonracha a rinneadh agus na torthaí anailíseacha a fuair an foghlaimeoir a thaifeadadh i leabhar nótaí saotharlainne. Féadfaidh líníochtaí, pictiúir nó sceitsí bunaidh an fhoghlaimeora a bheith i leabhar sceitsí agus is féidir leo fianaise a sholáthar ar an bpróiseas trína ndearnadh saothar ealaíne, ceardaíochta nó dearaidh. Agus taifead foghlaimeora á úsáid, ba cheart don mheasúnóir a chinntiú:

- go bhfuil treoir shoiléir nó sraith teoracha ag an bhfoghlaimeoir maidir le leagan amach an taifid agus gurb eol dóibh na sonraí is gá a chur san áireamh
- go bhfuil an treoir bunaithe ar raon torthaí foghlama beartaithe
- go bhfuil an foghlaimeoir ar an eolas faoi aon cheanglais maidir le cur i láthair thaifead an

fhoghlaimeora e.g., leagan amach

- go bhfuil próiseas chun an taifead a chothabháil agus a nuashonrú comhaontaithe leis an bhfoghlaimeoir
- go n-áirítear leis an treoir ráiteas ar na hionchais ó thaobh ionracas acadúil
- go n-áirítear leis an treoir ráiteas faoi mhodhanna seiceála bradaíola agus/nó bogearraí a fhéadfar a úsáid.

4.4 MARCÁIL

Ceanglaítear ar mheasúnóirí fianaise na n-iarthóirí i gcás gach teicníce a mharcáil agus a ghrádú. Ba chóir do mheasúnóirí bileoga marcála a cheapadh do gach **ionstraim mheasúnaithe** ina sainathnóir na critéir mheasúnaithe agus raon marcanna sonracha atá nasctha le gach critéar.

Ba chóir go mbeadh sé soiléir ón mbileog mharcála conas a leithdháilfear marcanna do gach critéar agus conas a bhronnfear an grád.

I gcás inar féidir, ba chóir gur as 100 nó as iolraithe de 100 na marcanna measúnaithe iomlána a leithdháiltear, ós rud é nach gá don mheasúnóir i gcásanna mar seo ríomhanna casta a dhéanamh.

De ghnáth, ní dhéantar gnóthú torthaí foghlaimeoirí ag leibhéil 1, 2 agus 3 a mharcáil go huimhriúil. Mar sin féin, beidh ar an measúnóir critéir mheasúnaithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm agus breithiúnas a thabhairt ar cháilíocht na fianaise.

Ceanglaítear ar mheasúnóirí **scéim mharcála** agus **bileog mharcála** a cheapadh do gach ionstraim mheasúnaithe agus **bileog mharcála achoimre** do gach modúl agus clár.

4.4.1 Critéir mheasúnaithe a cheapadh

Is é an soláthraí atá freagrach i gcónaí as measúnú na bhfoghlaimeoirí atá cláraithe ar a chláir. Féadfaidh an soláthraí cuid den fhreagracht seo a tharmligean chuig measúnóirí atá ag feidhmiú laistigh dá nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta ceadaithe. Leagtar amach i ndoiciméid an chláir conas a dhéanfar measúnú ar fhoghlaimeoirí i.e. straitéisí measúnaithe an chláir agus na modúl. Is féidir gur ionstraimí agus tascanna measúnaithe a cheaptar go lárnach a úsáidfear i gcláir áirithe. Is ar mheasúnóirí atá an fhreagracht straitéisí measúnaithe an chláir agus na modúl a chur i bhfeidhm. Is minic gurb é an múinteoir an measúnóir ach ní i gcónaí.

Is iad na critéir mheasúnaithe na critéir a úsáideann an measúnóir agus freagra an fhoghlaimeora ar thasc measúnaithe á mharcáil aige. Léirítear i dtéarmaí cáilíochtúla sna critéir mheasúnaithe cad is gá don fhoghlaimeoir a bhaint amach sa ghníomhaíocht mheasúnaithe sin chun marc ar leith a bhaint amach. Is é an measúnóir de ghnáth⁷ a cheapann critéir mheasúnaithe agus scéim mharcála chuí do gach **ionstraim mheasúnaithe**.

Tá sé riachtanach go mbeadh na critéir mheasúnaithe comhsheasmhach leis na torthaí foghlama ábhartha beartaithe agus le straitéisí measúnaithe an chláir agus an mhodúil. An measúnóir agus, sa deireadh, an soláthraí is ea atá freagrach as é seo a chinntiú.

Ba chóir go mbeadh foclaíocht na gcritéar measúnaithe comhsheasmhach.

⁷ Ar mhaithe le simplíocht, glactar leis sna treoirlínte go ndéanann an measúnóir na critéir a cheapadh agus freagra an fhoghlaimeora ar an tasc measúnaithe a mharcáil.

Ba chóir go gcuideodh na marcanna a leithdháiltear do gach critéar leis an measúnóir ábhar a mharcáil go héifeachtúil. Mar shampla, bíonn an mharcáil níos iontaofa má thugtar marcanna amhail 5, 10, 15, 20, 25, 30 do chritéir shonracha.

4.4.2 Scéim mharcála a cheapadh

Ní mór do mheasúnóir⁸ córas marcála trédhearcach agus iontaofa a cheapadh chun marcanna a leithdháileadh ar gach critéar measúnaithe. Ba chóir go n-aithneofaí sa chóras marcála i gcás gach ionstraim mheasúnaithe:

- na marcanna a leithdháiltear ar gach critéar measúnaithe
- fo-iomláin
- marc iomlán

Mar a leagtar amach thuas, ba chóir, nuair is féidir, gur as 100, nó as iolraithe de 100, na marcanna measúnaithe iomlána.

Scéim mharcála as 100

I gcás inar as 100 an córas marcála, ba chóir go mbeadh na marcanna iomlána do gach teicníc measúnaithe ag teacht leis an gcéatadán leithdháilte m.sh. i gcás ina bhfuil dhá theicníc mheasúnaithe ann, mar shampla taispeántas scileanna = 70% agus tasc = 30% ansin is é 70 agus 30 faoi seach na marcanna iomlána do gach ceann acu. Ba chóir gur as 100 na marcanna go léir ar an mbileog achoimre.

Córas marcála níos mó ná 100

I gcásanna áirithe, féadfaidh measúnóirí a mheas go bhfuil sé riachtanach marcanna measúnaithe a cheapadh a shroicheann níos mó ná 100 san iomlán. Más amhlaidh atá, ba chóir go mbeadh na marcanna iomlána do gach teicníc measúnaithe ag teacht leis an gcéatadán leithdháilte m.sh. i gcás ina bhfuil dhá theicníc mheasúnaithe ann leis an taispeántas scileanna = 70% agus an tasc = 30%, is é 350 agus 150 na marcanna iomlána

faoi seach. Cuirtear na marcanna seo le chéile as 500 sa bhileog achoimre agus roinntear iad ar 5 chun an marc % foriomlán in aghaidh an mhiondámhachtana a fháil.

I gcás inar mó ná 100 na marcanna, ba chóir an bhileog achoimre a úsáid chun na marcanna go léir a chur le chéile agus iad a roinnt ar an uimhir chuí chun an marc % agus an grád gaolmhar a fháil.

4.4.2.1 Freagraí nó réitigh shamplacha (do mheasúnóirí agus ní d'fhoghlaimoirí)

I gcás gach measúnaithe (rúibricí measúnaithe), ba chóir don mheasúnóir scéim mharcála a fhorbairt lena n-áirítear freagraí nó déantáin shamplacha.

Agus ionstraimí measúnaithe agus critéir mheasúnaithe agus scéimeanna marcála comhfhreagracha á gceapadh, is dea-chleachtas é a aithint cad a bheidh inghlactha mar fhianaise agus conas a dhéanfar é a mharcáil nó a thomhas. Más féidir, is fearr é sin a shocrú agus an ionstraim mheasúnaithe á ceapadh.

Mar shampla, agus tascanna le haghaidh taispeántas scileanna á gceapadh, d'fhéadfadh an measúnóir seicliosta breathnóireachta a cheapadh ina sainithnítear na scileanna agus na gníomhaíochtaí a mheasann sé/sí a thaispeánfar le linn an mheasúnaithe.

⁸ Mar sin féin, is féidir nach é an té a bheidh i mbun na marcála a cheapaídh na critéir agus an tasc measúnaithe.

4.5 DÁMHACHTAINÍ A GHRÁDÚ AGUS A AICMIÚ

Is iad na **híostorthaí foghlama beartaithe** do dhámhachtain na **híostorthaí foghlama beartaithe cláir/modúil** den chlár/mhodúl bailíochtaithe as a leanann an dámhachtain. Is éard is brí leis na híostorthaí foghlama beartaithe a bhaint amach na torthaí go léir atá san áireamh sa liosta d'íostorthaí foghlama beartaithe a bhaint amach. Baineann sé seo le MIMLOnna agus measúnú á dhéanamh cibé ar ndearnadh modúl a chríochnú agus MIPLOnna a bhaint amach i gcás cláir.

Nuair a mheasúnaítear nach bhfuil na híostorthaí **foghlama beartaithe** le go mbronnfaí dámhachtain bainte amach ag foghlaimeoir, is é **neamhrathúil** an grád a thaifeadtar.

Is mar seo a leanas a **aicmítear** (grádaítear) dámhachtainí QQI:

- Aicmítear mar dhámhachtainí **rathúla** dámhachtainí ag leibhéal 1, leibhéal 2 agus leibhéal 3 i gcás ina measúnaítear gur bhain foghlaimeoirí amach na **híostorthaí foghlama beartaithe**⁹ don dámhachtain.
- Aicmítear mar dhámhachtainí **pas, pas le tuillteanas** nó **pas le gradam** dámhachtainí ag leibhéal 4, leibhéal 5 agus leibhéal 6 i gcás inar bhain foghlaimeoir amach na híostorthaí foghlama beartaithe don dámhachtain laistigh de na critéir ghrádaithe.

Is **pas** é grád a bhronnar ar fhoghlaimeoir a bhain amach na híostorthaí foghlama beartaithe don dámhachtain. Is é **50-64%** an banda céatadán a bhaineann leis an ngrád seo.

Is **pas le tuillteanas** é grád a bhronnar ar fhoghlaimeoir a sháraigh na híosriachtanais. Is é **65-79%** an banda céatadán a bhaineann leis an ngrád seo.

Is **pas le gradam** é grád a bhronnar ar fhoghlaimeoir a sháraigh na híosriachtanais go suntasach. Is é **80-100%** an banda céatadán a bhaineann leis an ngrád seo.

I gcás dámhachtainí bunaithe ar inniúlacht nó dámhachtainí a bhfuil ceanglais reachtúla sonracha acu maidir le leibhéil inniúlachtaí, déanfar an measúnú a ualú dá réir agus féadfar na critéir ghrádaithe ábhartha a shonrú i gcaighdeán dámhachtana QQI ina léirítear an t-íoschaighdeán gnóthachtála atá riachtanach don fhoghlaimeoir.

⁹ Is éard is brí leis na híostorthaí foghlama beartaithe a bhaint amach na torthaí go léir atá san áireamh sa liosta d'íostorthaí foghlama beartaithe a bhaint amach. Baineann sé seo le MIMLOnna agus measúnú á dhéanamh cibé ar ndearnadh modúl agus MIPLOnna a chríochnú i gcás cláir.

4.6 CHRITÉIR GHRÁDAITHE

Tuairiscítear i gcritéir ghrádaithe a bhfuil le baint amach ag foghlaimeoir chun grád áirithe a shroicheadh le dámhachtain ag leibhéal áirithe a ghnóthú. Leagann na táblaí seo a leanas amach na critéir ghrádaithe do dhámhachtainí QQI ag leibhéil 1 - 6.

4.6.1 Critéir chineálacha grádaithe do dhámhachtainí ag leibhéil 1 go 3

	Rathúil109		
	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3
Critéir Ghrádaithe	Tá na híostorthaí foghlama beartaithe don dámhachtain bainte amach ag an bhfoghlaimeoir i suíomh foghlama struchtúrtha agus tacaíthe. Baineadh amach na torthaí le tacaíocht agus treoir shuntasach ón measúnóir, agus léirigh an foghlaimeoir gnóthachtáil mharthanach as a stuaim féin.	Tá na híostorthaí foghlama beartaithe don dámhachtain bainte amach ag an bhfoghlaimeoir i suíomh foghlama struchtúrtha agus tacaíthe, le treoir shoiléir ón measúnóir. Tá roinnt neamhspleáchais gníomhaíochta léirithe ag an bhfoghlaimeoir agus tá freagracht theoranta glactha aige as na gníomhaíochtaí agus as fianaise a ghiniúint.	Tá na híostorthaí foghlama don dámhachtain bainte amach ag an bhfoghlaimeoir faoi mhaoirseacht agus faoi threoir áirithe. Tá neamhspleáchas gníomhaíochta léirithe ag an bhfoghlaimeoir agus tá freagracht glactha aige as fianaise a ghiniúint.

10 Féach alt 4.5 le haghaidh sainmhíniú ar na híostorthaí foghlama beartaithe don dámhachtain.

4.6.2 Critéir chineálacha grádaithe do dhámhachtainí ag leibhéal 4 go 6

Pas	Pas le tuillteanas	Pas le gradam
Léiríonn Pas go bhfuil ag an bhfoghlaimeoir: - na híostorthaí foghlama beartaithe ábhartha a bhaint amach (is é pas an caighdeán íosta inghlactha don ghradam) - teanga an réimse ghairmiúil/speisialaithe a úsáid go hinniúil - iarracht a dhéanamh an teoiric agus na coincheapa a chur i bhfeidhm go cuí - dóthain fianaise a sholáthar a bhí ábhartha agus soiléir.	Léiríonn Pas le tuillteanas go bhfuil ag an bhfoghlaimeoir: - na híostorthaí foghlama beartaithe ábhartha a bhaint amach (tugann pas le tuillteanas le fios gur sroicheadh caighdeán maith) - teanga an réimse ghairmiúil/speisialaithe a úsáid le leibhéal áirithe líofachta - smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt go soiléir - scileanna tionscnaimh, meastóireachta agus anailíseacha a léiriú - fianaise chomhtháite agus chuimsitheach a chur i láthair.	Léiríonn Pas le gradam gur éirigh leis an bhfoghlaimeoir: - na híostorthaí foghlama beartaithe ábhartha a bhaint amach (tugann pas le gradam le fios gur sroicheadh caighdeán sármhaith) - teanga an réimse ghairmiúil/speisialaithe a úsáid go líofa agus go féinmhuiníneach - tuisctint dhomhain ar an ábhar a léiriú - ardleibhéal tionscnaimh agus scileanna meastóireachta a léiriú - smaointeoireacht anailíseach agus machnamhach a léiriú - smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt go soiléir, go córasach agus go cuimsitheach - fianaise chomhtháite, mhionsonraithe agus fhócasaithe a chur i láthair.

5. AN PRÓISEAS FÍORDHEIMHNIÚCHÁIN

Ceanglaítear ar sholáthraithe, mar chuid den chreat measúnaithe, **Próiseas fíordheimhniúcháin** a chur i bhfeidhm.

5.1 CUSPÓIR

Is é cuspóir an phróisis fhíordheimhnithe cothroime, comhsheasmhacht, iontaofacht agus bailíocht an mheasúnaithe agus thoradh an mheasúnaithe a chinntiú i.e. torthaí foghlaimeoirí i ngach clár agus dámhachtain. Cuidíonn an próiseas fíordheimhniúcháin leis an soláthraí a chinntiú go soláthraítear torthaí foghlaimeoirí cruinne agus deimhnithe ó thaobh cáilíochta de do QQI.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i bpróiseas fíordheimhniúcháin arna bhunú ag soláthraí:

- fíorú inmheánach agus
- fíordheimhniú seachtrach.

Ní mór do sholáthraithe a nósanna imeachta i gcás gach eilimint dá bpróiseas fíoraithe a dhoiciméadú.

5.2 FÍORÚ INMHEÁNACH

Is éard is fíorú inmheánach ann an próiseas trína ndéanfar fíorú inmheánach ar bheartais agus nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí ó thaobh gach gné de chleachtais mheasúnaithe a phleanáil, a bhainistiú agus a oibriú i.e. monatóireacht an tsoláthraí féin.

Áirítear leis an bpróiseas a sheiceáil an bhfuil nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí curtha i bhfeidhm ar fud raon na ngníomhaíochtaí measúnaithe agus cruinneas thorthaí an mheasúnaithe a sheiceáil/a mhonatóiriú chun a chinntiú go bhfuil fianaise ann ó fhoghlaimeoirí agus go ndéantar na torthaí agus na gráid a ríomh agus a thaifeadadh i gceart.

Ba chóir fíorú inmheánach a dhéanamh ar bhonn samplála. Déantar fíorú inmheánach trí fhíoraitheoir inmheánach amháin nó níos mó a shannadh. Bunaithe ar straitéis samplála an tsoláthraí, (féach treoirlínte maidir le sampláil i roinn 5.4), déanfaidh an fíoraitheoir inmheánach fíorú, i.e. monatóireacht ar an bpróiseas measúnaithe, lena n-áirítear cruinneas thorthaí an mheasúnaithe.

Tuarascáil fíoraithe inmheánaigh a thugtar ar thoradh an phróisis fhíoraithe inmheánaigh.

Cuirtear teimpléad samplach do thuarascálacha fíoraithe inmheánaigh ar fáil in Aguisín 9.

5.2.1 Ról an fhíoraitheora inmheánaigh

Is é ról an fhíoraitheora inmheánaigh a sheiceáil go córasach go bhfuil nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach ceann dá ghníomhaíochtaí measúnaithe agus cruinneas thorthaí an mheasúnaithe a fhíorú.

Beidh na nithe seo a leanas faoi chúram an fhóraitheora inmheánaigh:

- seiceáil gur cloíodh le nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí
- monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí measúnaithe ar bhonn samplála
- tuarascáil fóraithe inmheánaigh a tháirgeadh.

5.2.3 Fíorú nósanna imeachta measúnaithe

Seiceáiltear le linn fíorú inmheánach gur cuireadh nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach ceann de na gníomhaíochtaí measúnaithe. Cinnteofar tríd an bpróiseas fóraithe inmheánach

- gur cloíodh le nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí
- go ndearnadh measúnú ar an bhfoghlaim leis na teicnící agus na huirlisí a léirítear sa chlár bailíochtaithe
- go ndearnadh torthaí measúnaithe a dhoiciméadú agus a thaifeadadh de réir nósanna imeachta an tsoláthraí.

5.2.4 Fíorú torthaí an mheasúnaithe

Déantar sampla de thorthaí measúnaithe a fhíorú go himmheánach sula gcuirtear isteach iad le haghaidh fíordheimhniú seachtrach agus formheas torthaí. Ciallaíonn fíorú a sheiceáil go bhfuil fianaise measúnaithe ar fáil do gach foghlaimeoir a chuirtear i láthair agus go ndéantar na torthaí a thaifeadadh agus go sanntar gráid de réir an chlár bhailíochtaithe.

Baintear é seo amach trí sheiceálacha córasacha a chur i bhfeidhm ar an bhfianaise a chuireann sampla foghlaimeoirí i láthair chun a chinntiú:

- go bhfuil fianaise ar fáil d'foghlaimeoirí a chuirtear i láthair le haghaidh dámhachtana
- gur gineadh an fhianaise i gcomhréir leis an gclár bailíochtaithe
- go bhfuil torthaí measúnaithe ar fáil do gach foghlaimeoir
- gur cuireadh na marcanna le chéile, agus gur ríomhadh na marcanna céatadáin i gceart
- go bhfuil na marcanna céatadáin agus na gráid a bhronntar comhsheasmhach le bandaí grádaithe QQI

Agus próiseas fóraithe inmheánaigh éifeachtach á cheapadh, ba cheart don soláthraí na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- líon na measúnóirí
- líon na bhfoghlaimeoirí
- líon, raon agus éagsúlacht na ndámhachtainí atá á dtairiscint
- líon na n-ionad atá faoina shainchúram.

5.3 FÍORDHEIMHNIÚ SEACHTRACH

Soláthraíonn fíordheimhniú seachtrach dearbhú údarásach neamhspleách go ndearnadh measúnú cothrom agus comhsheasmhach ar fhoghlaiméirí i gcomhréir leis na híostorthaí foghlama atá beartaithe don chlár agus don mhodúl agus le caighdeáin náisiúnta.

Soláthraítear treoirilínte breise d'fhíordheimhneoirí seachtracha i *Cáilíocht Mheasúnaithe a Dhearbhu Treoirilínte Eatramhacha QQI d'Fhíordheimhneoirí Seachtracha 2025*. Cruthaíonn fíordheimhniú seachtrach go bhfuil próisis mheasúnaithe an tsoláthraí creidiúnach agus cinntíonn sé go bhfuil torthaí an mheasúnaithe marcáilte ar bhealach bailí agus iontaofa agus go gcomhlíonann siad na ceanglais don dámhachtain mar atá leagtha amach sa chlár bailíochtaithe.

Ní mór do sholáthraithe fíordheimhneoir seachtrach neamhspleách a shannadh do gach príomhchlár (agus ionad más gá) as a leanann dámhachtain amháin nó níos mó de chuid QQI (lena gclúdaítear an clár sin agus a phríomhdámhachtain agus a fhochláir nó a mhodúil chomhpháirteacha nó grúpaí modúl as a leanann dámhachtainí leabaithe d'aon aicme). Ní mór don fhíordheimhneoir seachtrach a bheith neamhspleách ar an ionad (agus, go hidéalach, an soláthraí) a sanntar dó iad. Déanfaidh an fíordheimhneoir seachtrach modhnóireacht ar thorthaí measúnaithe le haghaidh dámhachtana nó i gcás roinnt dámhachtainí laistigh de réimse nó d'fho-réimse gaolmhar foghlama. Beidh saineolas ábhair ag an bhfíordheimhneoir seachtrach sa réimse nó sa fho-réimse cuí a bhfuil sé/sí sannta dó.

Is é toradh an phróisis fhíordheimhnithe sheachtraigh tuarascáil fíordheimhnithe sheachtraigh ina ndéantar trácht ar éifeachtacht chur i bhfeidhm an phróisis mheasúnaithe agus na nósanna imeachta agus go háirithe ar a mhéid a chomhlíonann gnóthachtálacha na bhfoghlaiméirí agus na marcanna/gráid a bronnadh caighdeáin náisiúnta.

Cuirfear tuarascálacha na bhfíordheimhneoirí seachtracha ar fáil do QQI ar iarratas.

5.3.1 Ról an fhíordheimhneora sheachtraigh

Is é ról an fhíordheimhneora sheachtraigh dearbhú neamhspleách a sholáthar go ndearnadh measúnú cothrom agus comhsheasmhach ar fhoghlaiméirí i gcomhréir le ceanglais QQI agus a chinntiú go bhfuil torthaí an mheasúnaithe comhsheasmhach le caighdeáin náisiúnta. Beidh na nithe seo a leanas faoi chúram fhíordheimhneoirí seachtracha:

- deimhniú a thabhairt go ndearnadh measúnú cothrom agus comhsheasmhach ar fhoghlaiméirí i gcomhréir leis an gclár bailíochtaithe, le beartas agus gnásanna an tsoláthraí agus le caighdeáin agus treoirilínte QQI
- tuarascáil/tuarascálacha fíoraithe inmheánaigh a athbhreithniú agus na torthaí a fhíordheimhniú
- straitéis samplála a chur i bhfeidhm chun torthaí measúnaithe a mhodhnú i gcomhréir le ceanglais QQI (féach roinn 5.4)
- torthaí an mheasúnaithe a mhodhnú de réir na n-íostorthaí foghlama atá beartaithe don chlár agus don mhodúl
- cuairt¹¹ a thabhairt ar an ionad agus casadh ar an bhfoireann agus ar na foghlaiméirí lena mbaineann

¹¹ De ghnáth, cuairt phearsanta a bheidh sa chuairt fíordheimhnithe sheachtraigh ach féadfaidh sí tarlú ar bhonn fíorúil i gcás ina measann an soláthraí go bhfuil sé sin riachtanach agus cuí.

- páirt a ghlacadh sa phróiseas ceadaithe torthaí de réir bheartais agus gnásanna measúnaithe an tsoláthraí agus gnásanna dearbhaithe cáilíochta
- aon saincheisteanna/neamhrialtachtaí i ndáil leis an bpróiseas measúnaithe a shainaithint
- torthaí a mholadh lena gceadú agus, más gá (agus tar éis é a phlé leis soláthraí), an réasúnaíocht le haon athruithe ar ghráid a mholadh agus a dhoiciméadú
- tuarascáil fíordheimhnithe sheachtraigh a chur ar fáil (féach an teimpléad in Aguisín 10).

5.3.2 Critéir chun fíordheimhnitheoir seachtrach a roghnú

Ba cheart don soláthraí próifíl den chineál duine a bheidh de dhíth a cheapadh sula sanntar fíordheimhnitheoirseachtrach. Ba cheart na critéir seo a leanas a chur i bhfeidhm agus an phróifíl seo á ceapadh: ba cheart na scileanna seo a leanas a bheith ag an measúnóir seachtrach:

- saineolas teicniúil/ábhair sa réimse dámhachtana/ábhar foghlama cuí
- taithí ar mheasúnú cláir a sheachadadh nó ar obair sa tionscal/réimse
- aontú dul faoi oiliúint chuí agus freastal ar chruinnithe eolais chuí
- na cáilíochtaí is gá chun idirghníomhú le foghlaimeoirí, measúnóirí agus baill shinsearacha foirne e.g. scileanna cumarsáide
- scileanna riaracháin agus TF e.g. scríobh tuarascálacha, scileanna bainistíochta ama
- gealltanais a thabhairt oibriú laistigh den chód cleachtais agus de réir na dtreoirlínite arna n-eisiúint ag QQI (féach Aguisín 11)
- a bheith ar fáil don soláthraí ag amanna cuí
- a bheith neamhspleách ar an ionad (agus, go hidéalach, an soláthraí) a sanntar dó é.

5.3.3 Modhnú torthaí

Is éard atá i gceist le fíordheimhniú seachtrach modhnóireacht a dhéanamh ar thorthaí measúnaithe i ndámhachtain amháin nó i ngrúpa dámhachtainí i réimse nó i bhfo-réimse foghlama ar leith. Déantar é seo tríd an bhfianaise mharcáilte a chuirtear i láthair a mheas de réir na dtorthaí foghlama ábhartha atá beartaithe.

Déanfaidh an fíordheimhneoir seachtrach modhnóireacht ar thorthaí dámhachtainí a bhfuil saineolas ábhartha acu sa réimse/fo-réimse foghlama.

Agus a stádas gairmiúil san áireamh, meastar go mbeidh an saineolas is gá ag gach fíordheimhneoir seachtrach chun torthaí a mhodhnú i réimsí ginearálta dámhachtana e.g. cumarsáid.

Is iad na pointí criticiúla ag a gcuirtear breithiúnas i bhfeidhm ná na teorainneacha idir bandaí/gráid: Neamhrathúil/Pas, Pas/Tuillteanas, Tuillteanas/Gradam.

Is éard atá i gceist le modhnóireacht torthaí measúnaithe a athbhreithniú agus caighdeán na fianaise ag gach banda gráid a sheiceáil trí shamplaí fianaise laistigh de gach banda gráid agus ag teorainneacha na ngrád a scrúdú.

5.3.4 Minicíocht an fhíordheimnithe sheachtraigh

Braithfidh minicíocht an fhíordheimnithe sheachtraigh ar mhinicíocht an deimhnithe atá á lorg ag an soláthraí, líon na bhfoghlaimoirí agus raon agus cineál na ndámhachtainí atá á dtairiscint laistigh de réimse nó fo-réimse agus ar straitéis samplála an tsoláthraí.

Ní mór sampla de na torthaí measúnaithe go léir atá á gcur faoi bhráid QQI i gcás dámhachtainí i réimse/fo-réimse ar leith tríd an bpróiseas ceadaithe torthaí a fhíordheimhniú go seachtrach chun creidiúnacht phróisis mheasúnaithe an tsoláthraí agus measúnú cothrom agus comhsheasmhach ar fhoghlaimoirí a chinntiú.

Déantar fíordheimhnitheoir seachtrach a shannadh gach bliain i gcás gach clár as a leanann mórdámhachtainí/dámhachtain sainchuspóra/dámhachtain fhorlíontach. Ní gá gach eilimint (e.g. comhpháirt) de na cláir sin a fhíordheimhniú gach bliain.

Ní mór breithiúnais/cinntí measúnóirí nua a fhíordheimhniú i gcónaí uair amháin ar a laghad le linn a gcéad bhliain mheasúnaithe.

Faoi réir na míreanna roimhe seo a bhféadfadh fíordheimhniú a bheith de dhíth i ngach cás i gcásanna áirithe, ba cheart gach modúl as a leanann miondámhachtain a fhíordheimhniú uair amháin **ar a laghad** gach dhá bhliain nó i ngach cás mura dtairgtear chomh minic sin iad.

5.3.5 Fíordheimhnitheoirí seachtracha a shannadh

Beidh na nithe seo a leanas faoi chúram an tsoláthraí:

- i. líon na gclár as a leanan dámhachtainí QQI atá ar fáil sna hionaid a fháil amach
- ii. fíordheimhnitheoir seachtrach amháin nó níos mó a roghnú agus a shannadh do gach clár bunaithe ar shaineolas ábhair agus beidh gach fíordheimhnitheoir seachtrach neamhspleách ar an lárionad (agus, go hidéalach, ar an soláthraí) a bhfuil siad sannta dó
- iii. a chinntiú go bhfuil fíordheimhnitheoir seachtrach in aghaidh na bliana sannta do gach clár mórdámhachtana/sainchuspóra/forlíontach agus do gach lárionad.

5.4 SAMPLÁIL

Is éard atá i gceist le sampláil cuid de thorthaí foghlaimoirí agus fianaise foghlaimoirí a roghnú chun críocha fíorú inmheánach agus fíordheimhniú seachtrach measúnachta a chur i gcrích, laistigh de gach réimse mórdámhachtana/dámhachtana sainchuspóra / dámhachtana forlíontaí.

Ceanglaítear ar sholáthraithe straitéis samplála cuí a cheapadh atá oiriúnach dá soláthar. Ní mór don sampla a bheith cothrom agus comhsheasmhach agus cur ar chumas an tsoláthraí aon imeacht ón dea-chleachtas a aithint. Ba chóir don sampla cabhrú leis an soláthraí a fháil amach cibé an bhfuil a nósanna imeachta á gcur i bhfeidhm i gceart.

Braithfidh méid agus cineál cruinn an tsampla ar roinnt tosca e.g. líon iomlán na bhfoghlaimoirí, líon na n-ionad a bhfuil an soláthraí freagrach astu, agus líon na gclár atá á seachadadh.

Agus straitéis samplála á ceapadh agus líon iomlán na bhfoghlaimoirí á chinneadh as a dtógfar an sampla, ba cheart don soláthraí nó don ionad na critéir thíos a chur i bhfeidhm.

5.4.1 Critéir maidir le sampláil

Braithfidh an straitéis samplála i gcás gach soláthraí nó ionad ar thosca áirithe. Agus straitéis samplála á ceapadh, ba cheart don soláthraí a chinntiú i gcás an tsampla:

- go bhfuil sé ionadaíoch, faoi réir Alt 5.3.4 maidir le minicíocht an fhíordheimhnithe, i gcás gach clár agus modúl as a leanann dámhachtain QQI; gach cineál foghlaimeora (lena n-áirítear páirtaimseartha nó lánaimseartha); agus gach ionstraim mheasúnaithe
- go bhfuil sé leordhóthanach ó thaobh méide chun breithiúnais fhónta a dhéanamh mar gheall ar chothroime agus comhsheasmhacht na gcinntí measúnaithe
- go gclúdaítear ann raon iomlán na gnóthachtaí, ó thaobh na ngrád a baineadh amach
- go n-áirítear leis rogha randamach den fhianaise (i.e. aighneachtaí foghlaimeoirí) maidir le gach grád/banda
- go sainaithnítear ann fianaise atá ar an teorainn idir ghráid e.g. foghlaimeoirí nár éirigh leo nó foghlaimeoirí ar éirigh leo ach ar éigean an grád/banda a shroicheadh
- go gcinntítear go ndéantar breithiúnais/cinntí measúnóra nua a shampláil uair amháin ar a laghad de linn a gcéad bhliain mheasúnaithe
- go n-áirítear leis na dámhachtainí ainmnithe go léir a thairgtear
- go n-áirítear leis gach ionad de chuid an tsoláthraí

Ba chóir straitéis an tsoláthraí maidir le sampláil a dhoiciméadú mar chuid dá bpróiseas fíordheimhniúcháin.

6. PRÓISEAS CEADAITHE TORTHAÍ

Ní mór don soláthraí **próiseas ceadaithe torthaí** a bhunú chun a chinntiú go bhfuil cáilíocht na dtorthaí dearbhaithe go hiomlán agus go gcuireann an soláthraí a ainm leo sula gcuirtear faoi bhráid QQI iad.

Cinntíonn an próiseas ceadaithe torthaí go ndéantar cinntí cuí maidir le toradh na bpróiseas measúnaithe agus fíordheimhnithe. Ní mór don phróiseas breithniú a dhéanamh ar thuairiscí an fhíoraitheora inmheánaigh agus an fhíordheimhnitheora sheachtraigh.

I gcás ina bhfuil imní ar fhíordheimhneoir seachtrach maidir leis na torthaí, cuirfidh sé/sí tuarascáil faoi bhráid an tsoláthraí ina leagtar amach a imní agus ina sainaithnítear na neamhrialtachtaí a fuarthas. Ba chóir don soláthraí ansin gníomh ceartaitheach cuí a thionscnamh.

6.1 PAINÉAL CEADAITHE TORTHAÍ

Mar chuid dá bpróiseas ceadaithe torthaí, ní mór don soláthraí **painéal ceadaithe torthaí** a bhunú chun a chinntiú go ndéantar athbhreithniú, breithiúnas agus próiseáil ar chinntí measúnaithe agus ar thorthaí ar bhealach cothrom, comhsheasmhach agus trédhearcach. Is é ról an phainéil ceadaithe torthaí.

- cruinnithe a bheith aige de réir mar is gá chun torthaí measúnaithe a athbhreithniú agus a cheadú
- tuairiscí ar an bpróiseas fóraithe inmheánaigh agus fórdheimhnithe sheachtraigh a athbhreithniú
- aontú le torthaí deiridh a chur faoi bhráid QQI chun deimhniú a iarraidh
- aon saincheistean a eascraíonn as na torthaí a shainaithint agus moltaí a dhéanamh maidir le gníomh ceartaitheach.

Féadfaidh ball/baill shinsearacha foirne, cinn ranna/rannóga agus measúnóirí a bheith ar an bpainéal ceadaithe torthaí. Ba chóir don phainéal tuarascálacha an fhóraitheora inmheánaigh agus an fhórdheimhnitheora sheachtraigh a bhreithniú.

6.2 CEADÚ TORTHÁÍ

Ba chóir nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gceadaíonn agus go síníonn an painéal ceadaithe torthaí na torthaí.

Nuair a bheidh na torthaí ceadaithe, a luaithe is féidir ba chóir

- A. iad a chur ar fáil do na foghlaimeoirí
- B. iad a chur faoi bhráid QQI.

Ba chóir 14 lá ar a laghad a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun achomharc a thaisceadh. Eiseoidh QQI deimhniú maidir le gach toradh a fuarthas seachas iad siúd atá marcáilte a bheith faoi achomharc.

7. PRÓISEAS ACHOMHAIRC

Ba chóir do sholáthraí próiseas achomhairc a chur i bhfeidhm. Cuirfidh próiseas achomhairc ar chumas an fhoghlaimeora achomharc a dhéanamh

- i gcoinne an phróisis mheasúnaithe, má bhraitheann siad go bhfuil neamhrialtachtaí/ éagothromaíocht ina chur i bhfeidhm; nó
- i gcoinne thoradh an mheasúnaithe.

Ní féidir leis an bhfoghlaimeoir achomharc foirmiúil a dhéanamh ach amháin i gcoinne torthaí ceadaithe. Dá bhrí sin, ba chóir don soláthraí:

- na torthaí go léir a cheadú tríd an bpróiseas ceadaithe torthaí
- na foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi thoradh an phróisis seo i.e. torthaí measúnaithe a thabhairt do na foghlaimeoirí
- dóthain ama a sholáthar chun go mbeidh na foghlaimeoirí in ann achomharc a thaisceadh i.e. ba chóir 14 lá ar a laghad a cheadú.

Ba cheart athbhreithniú ar an bpróiseas measúnaithe don fhoghlaimeoir ar leith lena mbaineann a bheith i gceist sna nósanna imeachta achomhairc, lena n-áirítear, i gcás inar cuí, athbhreithniú ar fhianaise an fhoghlaimeora agus ar thorthaí an mheasúnaithe. **Níor cheart** gurb é an duine/measúnóir a rinne an cinneadh measúnaithe bunaidh a dhéanann measúnú ar achomharc an fhoghlaimeora.

Is é an t-aon fhianaise mheasúnaithe a fhéadfaidh an foghlaimeoir a chur i láthair ag achomharc ná an fhianaise atá curtha i láthair cheana féin lena measúnú. Ní fhéadfaidh an foghlaimeoir fianaise mheasúnaithe nua a chur leis don achomharc.

Ba cheart an foghlaimeoir a chur ar an eolas faoi thoradh an phróisis achomhairc laistigh de thréimhse ama comhaontaithe.

Tar éis phróiseas achomhairc an tsoláthraí a bheith tugtha chun críche, cuirtear torthaí an fhoghlaimeora/na bhfoghlaimeoirí lena mbaineann ar aghaidh chuig QQI mar an toradh deiridh. Is ar bhonn na dtorthaí deiridh seo a eiseoidh QQI deimhnithe.

8. DEIMHNIÚ A IARRAIDH

Is é toradh an phróisis cheadaithe torthaí go gcuirtear na torthaí deiridh isteach chun críche deimhnithe a eisiúint.

Ní mór don soláthraí a dheimhniú tráth a n-iarrtar deimhniú d'fhoghlaimeoirí, go bhfuil gach gné den phróiseas fíordheimhniúcháin curtha i bhfeidhm aige agus gur cloíodh leis na nósanna imeachta comhaontaithe go léir. Ní mór gach sonraí cuí faoin bhfoghlaimeoir a sholáthar leis torthaí an fhoghlaimeora, m.sh. Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP).

Eiseoidh QQI deimhnithe d'fhoghlaimeoirí ag an gcéad tréimhse deimhniúcháin eile tar éis don soláthraí torthaí cáilíocht-dhearbhaite agus lán-fhíordheimhnithe a chur isteach.

9. MEASÚNÚ RÍOMHCHUIDITHE/RÍOMH-MHEASÚNÚ

Ciallaíonn úsáid mhéadaithe theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide gur féidir le soláthraithe modhanna measúnaithe malartacha agus níos solúbtha a thairiscint anois, amhail measúnú ríomhchuidithe nó measúnú ar líne (ríomh-mheasúnú). D'fhéadfadh sé seo a bheith oiriúnach go háirithe do phróifílí áirithe foghlaimeoirí i.e. foghlaimeoirí cianda, foghlaimeoirí páirtaimseartha nó i gcás cineálacha clár.

Agus foghlaimeoirí á measúnú trí mheasúnú ar líne/ríomh-mheasúnú, is é bailíocht agus iontaofacht an mheasúnaithe an rud is tábhachtaí. Is féidir leis seo a bheith níos dúshlánaí agus measúnú cianda ar líne á úsáid. Féach [Treoirlínte Reachtúla QQI um Dhearbhu Cáilíochta do Sholáthraithe Cláir Chumaisc agus Cláir atá go hlomlán ar Líne.](#)

10. IONRACAS ACADÚIL

Cé gur ábhar tábhachtach riamh é do sholáthraithe an t-ionracas acadúil ó thaobh cáilíocht measúnaithe a dhearbhú, le blianta beaga anuas tá bagairtí ar ionracas acadúil tar éis éirí níos sofaisticiúla agus níos casta.

Chun tacú le cur i bhfeidhm forálacha reachtúla nua maidir le hionracas acadúil, tá comhairliúchán déanta ag an QQI maidir le [Páipéar Bán](#), ina leagtar amach cur chuige beartais atá beartaithe chun tacú le cur chuige náisiúnta láidir agus comhordaithe. Is colún lárnach den chur chuige seo ná “go bhfuil soláthraithe clár as a leanann dámhachtainí atá laistigh den CNC freagrach as éifeachtacht beartais, nósanna imeachta agus próiseas a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu a thacaíonn le hionracas acadúil agus a chuireann chun cinn iad; tá soláthraithe freagrach freisin as measúnú slán agus bailí ar fhoghlaimeoirí chun tacú le hionracas acadúil agus muinín a chumasú i mbaint amach an eolais, na scile agus na hinniúlachta a bhaineann leis an dámhachtainí ábhartha ag foghlaimeoirí”.

Tá réimse [acmhainní](#) curtha le chéile ag an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil (NAIN) a d’fhéadfadh a bheith ina chuidiú do sholáthraithe agus iad ag athbhreithniú agus ag oiriúnú a mbeartais agus a nósanna imeachta measúnaithe chun tacú le hionracas measúnaithe, caighdeán agus dámhachtainí.

AGUISÍN 1: CÁILÍOCHT MHEASÚNAITHE A DHEARBHÚ – ACHOIMRE

Achoimrítear sa tábla seo na príomheilimintí agus ról laistigh de na próisis measúnaithe, fíordheimhnithe agus ceadaithe torthaí. Cuirtear an treoir dheifnídeach ar na próisis seo ar fáil i gcorp an doiciméid seo.

Eilimintí	Measúnú	Fíorú inmheánach	Fíordheimhniú seachtrach
Sainmhíniú	Is féidir an chiall a bhaint as measúnú gurb é atá i gceist leis tátaí (m.sh. breithiúnas nó meastachán nó meastóireacht) a dhéanamh ar eolas, scil nó inniúlacht foghlaimora i gcomparáid le caighdeán, bunaithe ar fhianaise chúí. Féach roinn a dó ina bpléitear na caighdeáin ar cheart a úsáid. Ba cheart don mheasúnú a bheith comhsheasmhach le ceanglais dearbhaithe cáilíochta QQI mar atá siad leagtha amach i nósanna imeachta doiciméadaithe an tsoláthraí féin agus iad a bheith curtha i bhfeidhm dá réir.	Is é fíorú inmheánach an próiseas trína ndéantar beartais agus nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí a bhaineann le pleanáil, bainistiú agus oibriú gach gné de chleachtais mheasúnaithe a fhíorú go himmheánach, i.e. déanann an soláthraí féin monatóireacht orthu. Déanfar aon chlaonadh a shainaithint agus a cheartú.	Próiseas trína ndearbhófar don soláthraí agus do gheallsealbhoirí eile go bhfuil a phróiseas agus a nósanna imeachta measúnaithe inmheánaigh comhsheasmhach le dea-chleachtas náisiúnta agus go bhfuil torthaí an mheasúnaithe comhsheasmhach le caighdeáin náisiúnta i measc soláthraithe. Déanfar aon chlaonadh a shainaithint agus a cheartú.

Róil	Beidh na nithe seo a leanas faoi chúram mheasúnóirí (féach alt 4.1.3): - nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí a chur i bhfeidhm ar fud na ngníomhaíochtaí measúnaithe ábhartha go léir - uirlisí measúnaithe, scéimeanna marcála agus critéir ghrádaithe bailí agus iontaofa a dhearadh agus iad seo a chur faoi athbhreithniú nuair is gá - tacú le hionracas an phróisis mheasúnaithe (e.g. rúndacht tascanna nach bhfaca an t-iarrthóir roimh ré e a choinneáil) - deiseanna a chur ar fáil (le tacaíocht an tsoláthraí) d'fhoghlaimoírí le fianaise chuí a ghiniúint. - le fianaise foghlaimoírí a athbhreithniú agus a mheas - le cinneadh measúnaithe a dhéanamh (d'fhéadfadh sé seo a bheith faoi réir daingniú nó modhnú an choiste measúnaithe ábhartha (e.g. painéal ceadaithe torthaí) a dhéanann an cinneadh deiridh) - faisnéis agus aiseolas a sholáthar don fhoghlaimoír - aon sárú amhrasta ar ionracas acadúil a thuairisciú - cabhrú e haon phróisis achomhairc nó gearán ábhartha	Beidh na nithe seo a leanas faoi chúram fhíoraitheoirí inmheánacha: - féachaint ar cloíodh le nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí - monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí trí shampláil - aon neamhrialtachtaí a shainaithint	Beidh na nithe seo a leanas faoi chúram fhíordheimhnitheoirí seachtracha: - a bheith ceaptha ar bhonn saineolas ar an dámhachtain/réimse - a bheith neamhspleách ar an ionad - a chinntiú go gcloítear le ceanglais mheasúnaithe QQI - fianaise mheasúnaithe a shampláil - tuarascáil fíoraithe inmheánaigh a athbhreithniú - torthaí a mhodhnú - moltaí le haghaidh feabhsuithe a dhéanamh
Próiseas Ceadaithe Torthaí	Beidh na nithe seo a leanas faoi chúram measúnóirí: - doiciméadú a choinneáil - féachaint chuige go mbíonn taifid, doiciméadú agus fianaise foghlaimoírí ar fáil lena bhforú go himmheánach agus lena bhfíordheimhniú go seachtrach	Beidh na nithe seo a leanas faoi chúram fíoraitheoirí inmheánacha: tuarascálacha a chur ar fáil chun cruinneas próiseas agus torthaí a dheimhniú	Beidh na nithe seo a leanas faoi chúram fíordheimhnitheoirí seachtracha: tuarascálacha a chur ar fáil chun deimhniú neamhspleách a thabhairt ar chruinneas torthaí

Tuairisciú	Soláthróidh measúnóirí torthaí foghlaimeoirí	Dréachtóidh fíoraitheoirí inmheánacha tuarascáil fíoraithe	Dréachtóidh fíordheimhneoirí seachtracha tuarascáil fíordheimhnithe.
Minicíocht	Gach tarlú	Gach nós ímeachta Sampla de thorthaí foghlaimeora	Sampla de tharlú gach dámhachtana i dtréimhse ama. Gheofar i roinn 5.3.4 sonraí mar gheall ar mhinicíocht. - Déantar fíordheimhneoir seachtrach a shannadh gach bliain i gcás gach cláir as a leanann mórdámhachtainí/ dámhachtain sainchuspóra/ dámhachtain fhorlíontach agus i gcás gach ionaid. Ní gá gach eilimint (e.g. comhpháirt) de na cláir sin a fhíordheimhniú gach bliain. - Ní mór breithiúnais/ cinntí measúnóirí nua a fhíordheimhniú i gcónaí uair amháin ar a laghad le linn a gcéad bhliain measúnaithe. - Faoi réir na dtreoirlínte i 5.3.4 (a d'fhéadfadh fíordheimhniú a cheangal i ngach cás i gcásanna áirithe), ba cheart gach modúl as a leanann miondámhachtain a fhíordheimhniú uair amháin ar a laghad gach dhá bhliain nó i ngach cás mura dtairgtear chomh minic leis sin iad.
Cé a thugann an treoir?	Freagracht an tsoláthraí	Freagracht an tsoláthraí	Freagracht an tsoláthraí ach cuirfidh QQI treoirlínte ar fáil d'fhíordheimhneoirí seachtracha.

AGUISÍN 2: [BAINTE]

AGUISÍN 3: MEASÚNÚ FOGHLAIMEOIRÍ AG LEIBHÉIL 1, 2 AGUS 3

Tá sé mar aidhm ag dámhachtainí ag leibhéil 1, 2 agus 3 freastal ar riachtanais foghlaimeoirí a d'fhéadfadh a bheith ag filleadh ar an oideachas agus ar an oiliúint nó a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil don fhoghlaím den chéad uair, agus foghlaimeoirí nach bhfuil mórán cáilíochtaí nó cáilíocht ar bith acu roimhe seo.

Níor cheart measúnú a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí ag leibhéil 1, 2 agus 3 ach amháin nuair a chreideann an measúnóir go bhfuil siad in ann gach toradh foghlama atá ceaptha don dámhachtain a bhaint amach.

Aithnítear go mbainfidh foghlaimeoirí ag na leibhéil seo na caighdeáin amach ar bhealaí éagsúla agus ar a luas féin. Féadfaidh roinnt foghlaimeoirí roinnt torthaí foghlama a bhaint amach le chéile agus féadfaidh foghlaimeoirí eile torthaí a bhaint amach ina gceann is ina gceann.

Is minic a úsáidtear na teicnící seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí ag leibhéil 1 go 3:

- Punann/bailiúchán saothar
- Tasc
- Léiriú scileanna.

1.1 LEIBHÉAL 1

Déantar measúnú ar fhoghlaimeoirí ag Leibhéal 1 i gcomhthéacsanna aithnidiúla ina nglacann an foghlaimeoir ról a bhfuil taithí aici/aige air i.e. beidh na tascanna measúnaithe déanta ag an bhfoghlaimeoir cúpla uair roimhe sin sula roghnaítear fianaise chun críocha na dámhachtana. Bítear ag súil go léireoidh foghlaimeoirí eolas, scileanna nó inniúlacht i suíomh dea-struchtúrtha agus tacaíthe.

Féadfaidh an measúnóir tacú le feidhmíocht an fhoghlaimeora trí leideanna amhairc/éisteachta nó leideanna eile a thabhairt. Mar sin féin, ní mór don fhoghlaimeoir a bheith freagrach as a dtasc féin go substaintiúil, agus ba cheart go gcuirfeadh tacaíocht an mheasúnóra ar chumas an fhoghlaimeora a léiriú go bhfuil an caighdeán bainte amach aige/aici gan an caighdeán (na torthaí foghlama beartaithe) a chur i mbaol.

1.2 LEIBHÉAL 2

Déantar measúnú ar fhoghlaimeoirí ag Leibhéal 2 i gcomhthéacsanna aithnidiúla ina ndéanann an foghlaimeoir ról a bhfuil taithí aici/aige air i.e. beidh gnéithe aithnidiúla sna tascanna measúnaithe agus beidh tascanna den chineál céanna déanta ag an bhfoghlaimeoir cúpla uair roimhe sin sula ndéantar na gníomhaíochtaí measúnaithe chun críocha na dámhachtana.

Táthar ag súil go léireoidh foghlaimeoirí ag leibhéal 2 eolas, scileanna nó inniúlacht i raon cúng

suíomhanna gaolmhara agus aithnidiúla, dea-struchtúrtha. Go ginearálta, féadfaidh an measúnóir tacú le feidhmíocht an fhoghlaimeora. Féadfar nodanna agus leideanna amhairc/éisteachta a sholáthar ó am go chéile. Mar sin féin, ní mór don fhoghlaimeoir a bheith freagrach as a dtasc féin a bheag nó a mhór, agus a bheith ag druidim go soiléir le feidhmíocht neamhspleách.

1.3 LEIBHÉAL 3

Déantar measúnú ar fhoghlaimeoirí ag leibhéal 3 i raon teoranta comhthéacsanna agus i róil a bhfuil taithí aici/aige air le neamhspleáchas teoranta i.e. bíonn gné aithnidiúil i dtascanna measúnaithe a bhfuil taithí ag an bhfoghlaimeoir air cé nach gá gur sa chomhthéacs céanna a fuarthas an taithí.

Táthar ag súil go léireoidh foghlaimeoirí ag leibhéal 3 eolas, scileanna nó inniúlacht i raon teoranta comhthéacsanna aithnidiúla i suíomh bainistithe. Féadfaidh an measúnóir feidhmíocht an fhoghlaimeora a threorú agus a thacú ach ní mór don fhoghlaimeoir a bheith freagrach go hiomlán as a gcuid gnóthachtála agus ní mór feidhmíocht neamhspleách agus roinnt féinrialaithe a léiriú ó thaobh na gcaighdeán a léiriú.

AGUISÍN 4: TEICNÍCÍ MEASÚNAITHE – ACHOIMRE

Achoimrítear sa tábla seo a leanas na teicnící measúnaithe a sainaitheann chun foghlaimoírí a mheasúnú, agus a oiriúnaí atá siad do leibhéal na [dámhachtana](#) agus do na torthaí foghlama atá á measúnú.

Teicníc mheasúnaithe	Oiriúnacht don leibhéal	Ní mór don mheasúnoir na nithe seo a leanas a ullmhú:	Na torthaí foghlama a measúnaíodh
Tasc	Leibhéil 1-6	Treoir an tasc	Eolas teoiriciúil, eolas praiticiúil agus scil, inniúlacht
Tionscadal	Leibhéil 4-6	Treoir thionscadail	Eolas teoiriciúil, eolas praiticiúil agus scil, inniúlacht
Punann/bailiúchán saothar	Oiriúnach ach go háirithe do leibhéil 1-3	Treoracha/tascanna Treoirlínte ar an tslí le punann a thiomsú	Eolas teoiriciúil, eolas praiticiúil agus scil, inniúlacht
Léiriú scileanna	Leibhéil 1-6	Treoracha, tascanna, gníomhaíochtaí nó treoir	An-oiriúnach d'eolas, scil agus inniúlacht
Scrúdú	Leibhéil 4-6	Páipéar scrúdaithe, ceisteanna scrúdaithe, treoracha d'fhoghlaimoírí e.g. an t-am ceadaithe	Tá scrúdú teoiric-bhunaithe thar a bheith oiriúnach chun torthaí eolais a mheasúnú. Is féidir scrúduithe praiticiúla a úsáid chun eolas, scil agus inniúlacht a mheasúnú
Taifead foghlaimoira	Leibhéil 4-6	Treoir/treoracha. Treoirlínte d'fhoghlaimoírí ar leagan amach an taifid.	Eolas teoiriciúil, eolas praiticiúil agus scil, inniúlacht

AGUISÍN 5: [BAINTE]

Tá réimse ábhar in Aguisíní 6-10 a chabhróidh leis an soláthraí nósanna imeachta atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Nó is féidir le soláthraithe a dteimpléid féin a cheapadh.

AGUISÍN 6: BILEOG MHARCÁLA SAMPLACH (CEANN IN AGHAIDH NA TEICNÍCE)

Teideal na miondámhachtana	Teicníc mheasúnaithe	Ualú
	Tasc	40%

Ainm an fhoghlaimeora:

Dáta:

Critéir mheasúnaithe	Marcanna leithdháilte	Marc an fhoghlaimeora	Tráchtai/Aiseolas
- sainaithint shoiléir i gcás	5 5 5		
Fo-iomlán	15		
- meastóireacht chriticiúil ar...	5 5 5		
Fo-iomlán	15		
- tátail oiriúnacha bainte as	5 5		
Fo-iomlán	10		
Marcanna iomlána	40		

Trácht/aiseolas iomlán (is féidir leathanaigh bhreise a úsáid anseo más gá)

Síniú an mheasúnóra:

Dáta:

AGUISÍN 7: BILEOG ACHOIMRE DE THORTHAÍ SAMPLACHA

Bileog achoimre de thorthaí samplacha (ceann in aghaidh an fhoghlaimeora, in aghaidh na miondámhachtana)

Ainm an Fhoghlaimeora:
Miondámhachtain:

Teicníc mheasúnaithe	Ualú	Marcanna Uasta	Marc an Fhoghlaimeora
Teicníc	50%		
Teicníc 2	50%		
Marc iomlán			
Grád			

Síniú an Mheasúnóra:
Dáta:

AGUISÍN 8: TEIMPLÉID CHUN PRÓISIS FÍORDHEIMHNITHE AGUS CEADAITHE TORTHAÍ A FHORBAIRT

Féadfaidh soláthraithe na teimpléid seo a leanas a úsáid chun nósanna imeachta a fhorbairt dá bpróisis fíordheimhnithe agus ceadaithe torthaí.

Ba cheart go mbeadh sé soiléir i nósanna imeachta an tsoláthraí i gcás gach ceann de na próisis seo conas a chuirfear an próiseas i gcrích laistigh den soláthraí sin.

Ba cheart go n-aithneodh na nósanna imeachta cé atá freagrach (freagracht), conas a dhéanfar é (modheolaíocht) agus cathain nó cé chomh minic a dhéanfar é (minicíocht).

1.1 CREAT LE HAGHAIDH NÓS IMEACHTA FÍORAITHE INMHEÁNAIGH

Ní nós imeachta é an creat seo agus níl treoir mhionsonraithe ann maidir leis an méid ba cheart a bheith i nós imeachta. Níl ann ach creat. Agus a nós imeachta á fhorbairt aige, beidh ar sholáthraí tagairt a dhéanamh don treoir mhionsonraithe i gcorp an doiciméid seo.

Nós imeachta	Treoirlíne: <i>ba cheart go bhféachfaí sa nós imeachta le cinntiú go:</i>
Freagracht	Sainithnítear teideal/teidil phoist an duine/na ndaoine a chomhordóidh agus a dhéanfaidh an fíorú inmheánach. Ba chóir go mbeadh an duine in ann fíorú inmheánach éifeachtach a dhéanamh, i.e. ba chóir don bhainistíocht a léiriú go bhfuil siad tiomanta d'acmhainní, am, saineolas agus forbairt foirne a leithdháileadh chun tacú leis an bpróiseas fíoraithe inmheánaigh.
An Mhodheolaíocht	Tá sé soiléir conas a dhéanfar fíorú inmheánach cláir. Áirítear leis seo a chinntiú; - go gcloítear le nósanna imeachta measúnaithe comhaontaithe an tsoláthraí - go ndéantar monatóireacht ar thorthaí measúnaithe ar chlár ar bhonn samplála - go sainaithnítear agus go gcuirtear straitéis samplála le haghaidh fíorú inmheánach i bhfeidhm (i.e. plean samplála a cheapadh agus a chomhaontú) - go bhfuil fianaise mheasúnaithe ar fáil le haghaidh fíorú inmheánach - go gcuirtear tuarascáil fíoraithe inmheánaigh i gcrích Modheolaíocht Samplála Sainaithnítear an bunús/modh a úsáidtear chun an sampla le haghaidh fíorú inmheánach a roghnú. Sainaithnítear an luach ar a bhfuil líon iomlán na bhfoghlaimeoirí bunaithe. Mar shampla, ar tógadh líon iomlán na bhfoghlaimeoirí as na líonta comhcheangailte ar chlár ghaolmhara?
Minicíocht	Ba cheart na critéir do mhinicíocht an fhíoraithe inmheánaigh a shain-aithint agus a chur i bhfeidhm.

1.2 CREAT LE HAGHAIDH NÓS IMEACHTA FÍORDHEIMHNITHE SHEACHTRAIGH

Ní nós imeachta é an creat seo agus níl treoir mhionsonraithe ann maidir leis an méid ba cheart a bheith i nós imeachta. Níl ann ach creat. Agus an nós imeachta seo á fhorbairt, ní mór don soláthraí féachaint don treoir mhionsonraithe i gcorp an doiciméid seo, agus do *Cháilíocht Mheasúnaithe a Dhearbhuí - Treoirlínte Eatramhacha d'Fhíordheimhneoirí Seachtracha 2025*.

Nós imeachta	Treoirlíne: <i>ba cheart go bhféachfaí sa nós imeachta le cinntiú go:</i>
Freagracht	Sainaithnítear teideal(anna) poist an duine/na ndaoine a bheidh freagrach as an bpróiseas fíordheimhniúcháin sheachtraigh a chomhordú agus as fíordheimhneoir seachtrach a roghnú/a shannadh.
Fíordheimhneoir seachtrach a shannadh agus a roghnú	Sainaithnítear <i>na critéir agus an phróifíl</i> atá le húsáid agus fíordheimhneoir seachtrach á roghnú. (Ba chóir é seo a bheith bunaithe ar na critéir a sholáthraítear i roinn 4 de na treoirlínte seo) Ba chóir go mbeadh sé soiléir ón nós imeachta an bunús ar a sanntaíocht soláthraí fíordheimhneoirí seachtracha i.e. laistigh de réimse nó fo-réimse foghlama
Minicíocht	Sainaithnítear an mhinicíocht ar a ndéanfar an tsampláil.
Modheolaíocht chun modhnóireacht a dhéanamh ar thorthaí mheasúnachta	Straitéis Samplála Straitéis samplála foriomlán an tsoláthraí. Sainaithnítear an luach ar a bhfuil líon iomlán na bhfoghlaimeoirí bunaithe. Mar shampla, ba cheart go mbeadh sé soléir más comhcheangal de líonra foghlaimeoirí ó ionaid éagsúla/laistigh de réigiún ar leith atá in 'n'. Nósanna imeachta maidir le fíordheimhniú seachtrach Ba chóir go n-áireofaí leis seo nósanna imeachta chun cumarsáid a dhéanamh leis an bhfíordheimhneoir seachtrach agus chun fíordheimhniú seachtrach a sheoladh. Ba chóir ról na fóirne cuí agus an fhíordheimhneora sheachtraigh a shainaithint go soiléir. Ba cheart a chinntiú faoin nós imeachta seo go gcuirtear to-radh an phróisis fhíordheimhnithe sheachtraigh, i.e. an tuarascáil fíordheimhnithe sheachtraigh, san áireamh sa phróiseas ceadaithe torthaí.

1.3 CREAT UM NÓS IMEACHTA PRÓISEAS CEADAITHE TORTHÁÍ

Ní nós imeachta é an creat seo agus níl treoir mhionsonraithe ann maidir leis an méid ba cheart a bheith i nós imeachta. Níl ann ach creat. Agus a nós imeachta á fhorbairt aige, beidh ar sholáthraí tagairt a dhéanamh don treoir mhionsonraithe i gcorp an doiciméid seo.

Nós imeachta	Treoirlíne: <i>ba cheart go bhféachfaí sa nós imeachta le cinntiú go</i>
Sannadh freagrachta	Déantar próifíl bhallraíochta an ghrúpa ceadaithe torthaí a shainaithint. Ní gá baill foirne ar leith a shainaithint, ach ba chóir próifílí na foirne a léiriú.
Téarmaí tagartha	Ní mór téarmaí tagartha agus raon feidhme an ghrúpa/na ngrúpaí ceadaithe torthaí a leagan amach. Ba chóir go mbeidís seo comhsheasmhach leis na treoirlínite a chuirtear ar fáil sa doiciméad seo.
Modheolaíocht	Ní mór modheolaíocht a shainaithint chun torthaí a chur i láthair agus a cheadú tríd an bpainéal ceadaithe torthaí.
Minicíocht	Ba chóir don soláthraí a shainaithint cathain agus cé chomh minic is atá sé beartaithe cruinnithe den phainéal ceadaithe torthaí a thionól.
Iarratas ar dheimhniú	Ní mór an mhodheolaíocht a shainaithint faoina ndéanfar torthaí atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de agus ceadaithe a chur faoi bhráid QQI. Ba chóir don soláthraí a chinntiú go bhfuil ‘seiceálacha’ i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear na torthaí cearta foghlaimeora isteach.

AGUISÍN 9: TEIMPLÉAD DO THUARASCÁIL FÍORAITHE INMHEÁNAIGH

Cuirtear an teimpléad seo ar fáil mar uirlis do sholáthraithe. Féadfaidh soláthraí a thuarascáil fíordheimhniúcháin sheachtraigh féin a cheapadh, áfach. Ní mór dó a chinntiú go gcloítear le leagan amach an phróisis le haghaidh fíordheimhniú seachtrach agus go bhfóraítear é sa thuarascáil.

Soláthraí Cláraithe/Ainm an Lárionaid:								
Uimhir Chláraithe:								
Dámhachtain/í ainmnithe agus cóid Dámhachtain(i) ainmnithe a bhfuil torthaí maidir leo á bhfóru go himheánach								
Dáta an fhíoraithe inmheánaigh:								
Fíoraitheoir(i) inmheánach(a) (ainmneacha agus sínithe an bhaill foirne/na ball foirne a rinne an fóru inmheánach)	Ainm: Síníú: Ainm: Síníú: Ainm: Síníú:							
Próisis agus nósanna imeachta measúnaithe	Fóru gur cloíodh le nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí. Ba cheart trácht a dhéanamh de réir mar is gá.							
Nósanna imeachta measúnaithe Deimhní(id) gur cuireadh na nósanna imeachta measúnaithe a comhaontaíodh trí dhearbhu cáilíochta an tsoláthraí seo i bhfeidhm i ngach ceann de na gníomhaíochtaí measúnaithe don dámhachtain seo.	<table border="1"> <tr> <td>Tá</td> <td></td> </tr> <tr> <td>Níl</td> <td></td> </tr> <tr> <td>Tráchtaí/pointí gníomhaíochta de réir mar a oireann</td> <td></td> </tr> </table>		Tá		Níl		Tráchtaí/pointí gníomhaíochta de réir mar a oireann	
Tá								
Níl								
Tráchtaí/pointí gníomhaíochta de réir mar a oireann								

Fíoraitheoir(i) inmheánach(a)

Ainm:

Síníú:

Dáta:

Fíorú inmheánach

Monatóireacht ar thorthaí mheasúnachta: tuarascáil

Líon na measúnóirí a ndearnadh torthaí mheasúnachta a sampláil maidir leo: Líon na bhfoghlaimeoirí sa sampla:

Líon isteach i gcás gach dámhachtana ainmnithe/grúpa torthaí mheasúnachta fíoraithe	An bhfuil an doiciméadú ar fáil agus curtha i gcrích i gceart, m.sh. bileoga marcála, taifid foghlaiméara?		An bhfuil dóthain fianaise iontaofa mheasúnachta ar fáil maidir le gach foghlaiméar a cuireadh i lathair?		Ar gineadh fianaise i gcomhréir leis an gclár bailiochtaíthe?		An ndearnadh na marcanna a shuímiú i gceist agus na gráid a bhromadh de réir cheanglais QQI?		
Teideal na dámhachtana ainmnithe	Tá	Níl	Tá	Níl	Tá	Níl	Tá	Níl	Barúlacha/pointí gníomhaíochta (Más 'Níl' sainaithin fadhbanna/déan moltaí).

Fíoraitheoir inmheánach:

Ainm:

Síniú:

Dáta:

AGUISÍN 10: TEIMPLEAD DO THUARASCÁIL FÍORDHEIMHNITHE SHEACHTRAIGH

Tuarascáil fíordheimhnithe sheachtraigh (teimpléad)

Cuirtear an teimpléad seo ar fáil mar uirlis do sholáthraithe agus d'fhíordheimhnitheoirí seachtracha. Féadfaidh soláthraí a thuarascáil fíordheimhniúcháin sheachtraigh féin a cheapadh, áfach. Ní mór a chinntiú go gcloítear leis an bpróiseas le haghaidh fíordheimhniú seachtrach atá leagtha amach agus fíoraithe sa tuarascáil seo.

Soláthraí Cláraithe/Ainm an Lárionaid:	
Uimhir Chláraithe:	
Dáta an phróisis fhíordheimhnithe sheachtraigh:	
Tabhair bonn an tsampla agus méid an tsampla:	Ba chóir an bunús ar ar roghnaíodh an sampla a shainaithint anseo. i.e. tógadh an sampla don Dámhachtain Ainmnithe 'X' ó fhoghlaimeoirí trasna 3 ionad. Líon iomlán na bhfoghlaimeoirí = 220 Méid an tsampla (roghnaithe ar bhonn randamach ar fud na ngrád) = 15 I gcás ina dtógfar an sampla ó níos mó ná ionad amháin, ba chóir na hionaid atá san áireamh sa sampla a liostáil sa tuarascáil seo.
Dámhachtain(na) ainmnithe agus cóid don sampla roghnaithe (Dámhachtain(na) ainmnithe a bhfuil torthaí maidir leo á bhfíordheimhniú go seachtrach)	
Sonraí an fhíordheimhnitheora sheachtraigh	Ainm: (Priontáil, le do thoil): Seoladh/sonraí teagmhála

Tuarascáil ar fhíordheimhniú seachtrach i gcás thorthaí an mheasúnaithe

Líon isteach i gcás gach dámhachtana ainmnithe/grúpa torthaí measúnaithe atá á bhfíordheimhniú	Ar fhorlaigh an soláthraí na torthaí go himhédhach?		Ar gineadh fianaise i gcomhréir leis an gclár bailiochtaíthe?		An bhfuil na torthaí arna gcúir i láthair comhshreathach leis na caighdeán náisiúnta don dámhachtain? (Mura bhfuil, sainithin na torthaí a athraíodh)		Barúlacha/Pointí Gníomhaíochta (Más 'Níl' aithin fadhbanna/déan moltaí).
Teidea na dámhachtana ainmnithe	Tá	Níl	Tá	Níl	Tá	Níl	Tráchtaí

Dámhachtainí modhnaithe

Líon na ngrád a athraíodh

% na ngrád a athraíodh

Déan cur síos ar shamplaí dea-chleachtais a chonacthas/Sainaithin údair imní:

Luaigh réimsí ina dteastaíonn feabhsú

Sínithe:

Fíordheimhniitheoir seachtrach:

Dáta:

Soláthraí:

Dáta:

Is féidir go gcuirfear an tuarascáil seo ar fáil do QQI.

AGUISÍN 11: CÓD CLEACHTAS D'FHÍORDHEIMHNITHEOIRÍ SEACHTRACHA

Is é ról an fhíordheimhнитеora sheachtraigh dearbhú neamhspleách a sholáthar go ndearnadh measúnú cothrom agus comhsheasmhach ar fhoghlaimeoirí i gcomhréir le ceanglais QQI agus le caighdeáin náisiúnta. Aithnítear sa chód cleachtais seo príomhréimsí an ról agus caighdeáin na gairmiúlachta a mbeifear ag súil leo i gcónaí ó fhíordheimhнитеoirí seachtracha. Ní mór d'fhíordheimhнитеoirí seachtracha gealltanais a thabhairt oibriú laistigh den chód cleachtais seo.

Geallfaidh an fíordheimhнитеoir seachtrach:

- a ról a fheidhmiú le hionracas agus gairmiúlacht i gcónaí agus fíordheimhнитеú seachtrach á dhéanamh aige do sholáthraí
- treoirilínite, beartais agus nósanna imeachta QQI a chomhlíonadh go sonrach maidir le dámhachtainí agus measúnú
- gach ceann de bheartais agus gnásanna an tsoláthraí a chomhlíonadh go hiomlán
- an soláthraí a chur ar an eolas faoi aon choinbhleacht leasanna a d'fhéadfadh a ról a chur i mbaoil
- an soláthraí a chur ar an eolas faoi infhaighteacht
- cumarsáid a dhéanamh go cuí leis an soláthraí agus iad a chur ar an eolas faoi chuidirteanna pleanáilte agus faoin bhfaisnéis a theastaíonn
- aiseolas cuiditheach a chur ar fáil do bhainisteoirí agus d'fhoireann an ionaid
- tuarascáil fíordheimhните sheachtraigh a thiomsú in am agus bunaithe ar mheastóireacht neamhspleach ar an bpróiseas agus ar na gnásanna.

Ainm an fhíordheimhнитеora sheachtraigh

Síniú:

Dáta:

AGUISÍN 12: [BAINTE]

AGUISÍN 13: GLUAIS TÉARMAÍ

Aiseolas¹²	Moltar in McKeachie (1999)¹³ cúig choinníoll aiseolais as a leanann feabhsú. 1. 'Ní mór d'aiseolas eolas atá sothuigte don fhaighteoir a thabhairt.' 2. 'Ní cabhair é aiseolas ach amháin más eol don fhaighteoir cad is gá a dhéanamh chun dul i bhfeabhas.' 3. 'Is mó seans go nglacfar le haiseolas más féidir é a thairiscint i bhfoirm ghinearálta.' 4. 'Is cabhair é aiseolas ní amháin má éascaítear leis coincheap, teoiric nó straitéis úsáideach, ach chomh maith leis sin, má chabhraíonn sé leis an bhfaighteoir scileanna nó straitéisí a shealbhú a chuirfidh ar a chumas tuilleadh a fhoghlaim.' 5. 'Is féidir le haiseolas cabhrú má tá fonn orainn dul i bhfeabhas.'
Aistriú	Tagraíonn sé do chumas foghlaimeora bogadh ó chlár amháin as a leanann dámhachtain go clár eile, lena n-áirítear ag an leibhéal céanna den chreat, tar éis aitheantas a fháil as eolas, scileanna nó inniúlacht a sealbhaíodh.
Aitheantas réamhfhoghlama	Aitheantas Réamhfhoghlama i.e. aitheantas d'fhoghlaim a tharla ach ní gá go ndearnadh é a mheasúnú ná a thomhas sula ndeachas isteach i gclár. D'fhéadfadh an réamhfhoghlaim sin a bheith faighte ar bhealaí foirmiúla, neamhfoirmiúla nó mífhoirmiúla.
Bailíochtú	Is é bailíochtú an próiseas trína gcinneann QQI go gcuirfidh na cláir a cheapann soláthraithe ar chumas foghlaimeoirí na caighdeáin is gá le haghaidh dámhachtana a bhaint amach.
Breisoideachas agus oiliúint	Breisoideachas agus oiliúint seachas oideachas bunscoile nó iar-bhunscoile nó ardoideachas agus oiliúint.
Caighdeáin	Aithnítear i gcaighdeáin an t-eolas, an scil agus/nó an inniúlacht is gá a shealbhú chun dámhachtain a ghnóthú.
Caighdeáin a chinneadh	An próiseas trína gcinneann QQI na caighdeáin eolais, scile nó inniúlachta chun críche dámhachtainí a dhéanamh.
Cineál dámhachtana	Aicme dámhachtainí aitheanta a bhfuil gnéithe agus leibhéal i bpáirt acu. Áirítear leo seo mórdámhachtainí, miondámhachtainí, dámhachtainí sainchuspóra agus dámhachtainí forlíontacha. Léiríonn cineálacha éagsúla dámhachtainí cuspóirí difriúla dámhachtainí agus déantar soláthar iontu le gach gnóthachtáil foghlama a aithint.
Clár	Is éard is clár ann eispéireas foghlama arna dhearadh agus arna thairiscint ag soláthraí bunaithe ar chaighdeáin náisiúnta réamhchinnte as a leanann dámhachtain QQI.
An creat náisiúnta cáilíochtaí	An t-aonán amháin a nglactar leis go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trína ndéantar gach gnóthachtáil foghlama a thomhas agus a cheangal lena chéile ar bhealach comhleanúnach lena sainítear an gaol idir gach dámhachtain oideachais agus oiliúna. Deich leibhéal atá sa Chreat, trína léirítear an fhoghlaim ar fad ó na leibhéil tosaigh go dtí an leibhéal dochtúireachta.

¹² As Assessment and Standards 2022 a tógadh na sleachta faoi léirmhíniú agus luaitear foinsí eile ann.

¹³ McKeachie, W.J. (1999) Commentary Feedback and reflection in facilitating further learning in Messick (1999) pp. 57-61.

Dámhachtain	Rud a dhéanann foras cáiliúcháin a bhronnadh, a dheonú nó a thabhairt agus lena dtaifeadtar go bhfuil caighdeán eolais, scile nó inniúlachta gnóthaithe ag foghlaimeoir.
Dámhachtain sainchuspóra	Déantar dámhachtain sainchuspóra chun críocha sonracha atá sách cúng. Ní gá baint a bheith aici le mórdámhachtain.
Dearbhú cáilíochta	An córas/na córais atá curtha i bhfeidhm ag soláthraí chun cáilíocht a chláir/chláir a choinneáil agus a fheabhsú
Eolas	Ceann de na snáitheanna creata (torthaí eolais, scile agus inniúlachta). Is í seo an cineál toraidh a shamhlaítear go hiondúil le heolas dearbhaitheach i.e. léiriú cognaíoch ar smaointe, imeachtaí nó tarluithe. San áireamh ann bíonn cur síos, cuimhne, tuiscint, smaointeoireacht, anailís, sintéis, plé agus taighde.
Fíordheimhnitheoir seachtrach	Arna cheapadh ag soláthraithe chun fíordheimhniú seachtrach a sheoladh.
Fíordheimhniú seachtrach	Soláthraíonn fíordheimhniú seachtrach dearbhú údarásach neamhspleách go ndearnadh measúnú cothrom agus comhsheasmhach ar fhoghlaimeoirí i gcomhréir leis na híostorthaí foghlama atá beartaithe don chlár agus don mhodúl agus le caighdeáin náisiúnta.
Fíorú inmheánach	An próiseas trína ndearbhaítear d'fhoghlaimeoirí gur cuireadh nósanna imeachta measúnaithe an tsoláthraí i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach ceann de ghníomhaíochtaí measúnaithe an tsoláthraí.
Foghlaimeoir	Duine a bhfuil eolas, scil nó inniúlacht gnóthaitheach aige/aici nó á ngnóthú aige/aici.
Forchéimniú	Is féidir bríonna éagsúla a bhaint as forchéimniú. Féadfaidh sé tagairt a dhéanamh do dhul chun cinn laistigh de mhodúl (e.g. ghníomhaíochtaí a chríochnú agus sealbhú foghlama laistigh den mhodúl); dul chun cinn laistigh de chlár (e.g. comhpháirteanna cláir a chríochnú); nó laistigh den chóras cáilíochtaí (e.g. dul ar aghaidh chuig clár as a leanann dámhachtain ag leibhéal níos airde den CNC, tar éis aitheantas a fháil d'eolas, scileanna nó d'inniúlacht riachtanach).
Forlíontach	Is dámhachtain í dámhachtain fhorlíontach chun aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim lena mbaineann nuashonrú/uasghrádú scileanna agus/nó oideachas agus oiliúint leanúnach maidir le gairmeacha beatha.
Inniúlacht	Ceann de na snáitheanna creata (torthaí eolais, scile agus inniúlachta). Tagraíonn sé don phróiseas trína rialaítear cur i bhfeidhm eolais i leith sraith tascanna a ghnóthaítear de ghnáth trí chleachtadh agus machnamh. Is éard atá ann eolas agus scil a léiriú go héifeachtach agus ar shlí chruthaitheach agus a chur i bhfeidhm i gcásanna a bhaineann leis an duine. D'fhéadfadh cásanna ginearálta, sóisialta agus sibhialta a bheith i gceist chomh maith le cásanna sonracha ceirde.
Ionracas acadúil	"Prionsabail, caighdeáin, cleachtais agus córas luachanna comhsheasmhach eiticíúla agus gairmiúla a chomhlíonadh, a fheidhmíonn mar threoir chun cinntí a dhéanamh agus bearta adhéanamh san oideachas, sa taighde agus sa scoláireacht." ¹⁴

14 [ACADEMIC INTEGRITY – ENA](https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-11/academic-integrity-national-principles-and-lexicon-of-common-terms.pdf) and used in <https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-11/academic-integrity-national-principles-and-lexicon-of-common-terms.pdf>

Íostorthaí foghlama beartaithe cláir (MIPLOnna)¹⁵	An íosghnóthachtáil (i dtéarmaí eolais, scile agus inniúlachta) a dheimhnítear a bheith bainte amach ag an bhfoghlaiméoir má chríochnaíonn sé/sí clár ar leith go rathúil (i.e. má fhaigheann sé/sí pas i ngach measúnú riachtanach). Sainmhínítear sna híostorthaí foghlama beartaithe cláir na híostorthaí foghlama do chlár ar leith ag leibhéal an chláir. Ní mór don soláthraí iad seo a shonrú i gcónaí. Má cheadaítear rogha shuntasach i gclár, d'fhéadfadh go mbeadh gá le foirmeacha éagsúla de na híostorthaí beartaithe cláir — m.sh. d'fhéadfadh rogha speisialtóireachtaí a bheith ar fáil do dhuine i gclár. Tá foghlaiméoir a chríochnaíonn clár bailíochtaithe incháilithe don dámhachtain ábhartha má léirigh sé/sí, trí mheasúnú (lena n-áirítear trí aitheantas réamhfhoghlama), go bhfuil na híostorthaí foghlama beartaithe cláir lena mbaineann bainte amach aige/aici. De bhreis ar na híostorthaí foghlama beartaithe cláir, féadfaidh an soláthraí cláir a bheith ag iarraidh cur síos a dhéanamh ar 'thorthaí foghlama beartaithe cláir' eile os cionn an íosmhéide. Sa doiciméad seo, tagraíonn 'torthaí foghlama beartaithe' do na torthaí beartaithe go léir nó d'aon cheann acu, lena n-áirítear na cinn íosta. Tagraíonn 'íostorthaí foghlama beartaithe' go heisiach do na cinn íosta. Aithníonn na híostorthaí foghlama beartaithe cláir príomhchuspóir oideachais an chláir — cuidíonn measúnú éifeachtach le foghlaiméoirí an sprioc sin a bhaint amach. Soláthraithe is ea a dhéanann íostorthaí foghlama beartaithe cláir a cheapadh agus a choinneáil. Deartar cláir chun cur ar chumas foghlaiméoirí íostorthaí foghlama beartaithe cláir a bhaint amach. Sonraítear íostorthaí foghlama beartaithe do gach modúl comhpháirteach cláir Bíonn líon na dtorthaí foghlama i ráiteas ar thorthaí foghlama beartaithe inathraitheach (ag brath, mar shampla, ar an tséimeantaic agus ar an leibhéal soiléireachta a úsáidtear). Ní ionadaí é seo do chreidmheas. Féadfaidh múinteoir agus foghlaiméoirí a bheith ag iarraidh torthaí foghlama breise a bhaint amach atá de bhreis ar an íosmhéid. De bhreis ar na híostorthaí foghlama beartaithe cláir, féadfaidh soláthraithe cur síos a dhéanamh ar 'thorthaí foghlama beartaithe cláir' eile os cionn an íosmhéide.
Íostorthaí foghlama beartaithe modúil (MIMLOnna)	Is féidir modúl a mheas mar chlár atá leabaithe i gclár níos mó. Dá bhrí sin, féach na híostorthaí foghlama atá beartaithe do chlár.
Measúnóir	Ceapann an measúnóir ionstraimí measúnaithe/scéimeanna marcála agus critéir mheasúnaithe, tugann sé deis d'fhoghlaiméoirí fianaise a ghiniúint, breithníonn sé fianaise an fhoghlaiméora agus déanann sé cinneadh measúnaithe.
Measúnú	Ciallaíonn measúnú foghlama tuiscint (m.sh. breithiúnas nó meastachán nó meastóireacht) ar eolas, scil nó inniúlacht foghlaiméora trína chur i gcomparáid le caighdeán atá bunaithe ar fhianaise chuí.

Measúnú de réir noirm	Cuireann measúnú de réir noirm scóir an fhoghlaimeora in iúl in ord grádaithe, bunaithe ar dháileadh scór. Eagar comparáideach atá ann. Is minic a shamhlaítear dailchuair normalacha le measúnú de réir noirm.
Measúnú foirmitheach¹⁶	Tacaíonn sé leis an bhfoghlaimeoir chun torthaí foghlama sonraithe a bhaint amach. De ghnáth ní ghearrtar pionós as earráid. ‘Formative assessment is concerned with how judgements about the quality of student responses (performances, pieces, or works) can be used to shape and improve the student’s competence by short-circuiting the randomness and inefficiency of trial and error learning’ (Baineann measúnú foirmiúil leis an gcaoi ar féidir breithiúnais faoi cháilíocht fhreagairtí na mac léinn (léirithe, píosaí, nó saothair) a úsáid chun inniúlacht an mhic léinn a mhúnlú agus a fheabhsú trí randamacht agus neamhéifeachtúlacht na foghlama trialáí agus earráide a ghearradh amach’ (Sadler, 1989)).¹⁷ Aithníonn Nitko (1996)¹⁸ ceithre úsáid bhunúsacha a bhaintear as measúnú leanúnach foirmiúil: 1. ‘Tuiscint a fháil ar ghrúpa.’ 2. ‘Riachtanais foghlama mac léinn aonair a dhiagnóisiú.’ 3. ‘Riachtanais foghlama an ghrúpa a dhiagnóisiú.’ 4. ‘Teagasc a phleanáil.’ Tugann measúnú foirmiúil eolas don fhoghlaimeoir faoin tslí lena bhfoghlaím a fheabhsú agus déantar é de ghnáth i luathchéimeanna cláir, nó lena linn. Soláthraíonn measúnú foirmiúil aiseolas ar obair an fhoghlaimeora, agus ní gá é a úsáid do chuspóirí deimhniúcháin. Cuirtear an bhéim sa mheasúnú foirmiúil ar thuiscint níos fearr a spreagadh i measc foghlaimeoirí ar a láidreachtaí, a laigí agus ar na bearnaí ina gcuid eolais.
Measúnú le tagairt do chritéir	Déantar tagairt do chritéir agus dámhachtainí BOO á mbronnadh. Bíonn critéir shocraithe le baint amach le tagairt do chritéir; is é comhlíonadh/neamhchomhlíonadh na gcritéir seo an ghné is tábhachtaí. Is sampla maith de mheasúnú le tagairt do chritéir é an tástáil tiomána. Sonraítear na caighdeáin eolais, scile agus inniúlachta i dtorthaí foghlama beartaithe an chlár agus an mhodúil i gclár bailíochtaithe as a leanann an dámhachtain agus ní mór dóibh seo a bheith comhsheasmhach le caighdeáin dámhachtainí infheidhme QQI.
Measúnú suimitheach	De ghnáth, déantar measúnú suimitheach ag deireadh cláir nó ‘aonaid’ foghlama, e.g. scrúdú scríofa. Tá sé cuimsitheach ó nádúr agus úsáidtear é go ginearálta chun críocha deimhniúcháin. Bunaítear é ar an taithí foghlama carnach a tharlaíonn i gclár nó in ‘aonad’. Is measúnú suimitheach é measúnú a dhéantar chun torthaí fíordheimhnithe a chur faoi bhráid QQI chun dámhachtain a iarraidh.

¹⁶ As Assessment and Standards 2022 a tógadh na seachta faoi léirmhíniú agus luaitear foinsí eile ann.

¹⁷ Sadler, D. R. (1989) Formative assessment and the design of instructional systems *Instructional Science*, 18 (1989):119-144. (in Harlen W. (2008) *Student Assessment and Testing Volume 2 Sage Library of Educational Thought and Practice* London: Sage pp. 328).

¹⁸ Nitko, A.J. (1995) Curriculum-based continuous assessment: a framework for concepts procedures and policy *Assessment in Education*, 2(3), 321-337 (in Harlen W. (2008) *Student Assessment and Testing Volume 2 Sage Library of Educational Thought and Practice* London: Sage pp. 289-306).

Míchleachtas acadúil (dá ngairtear mí-iompar acadúil, mímhacántacht acadúil, calaois, mí-oiriúnacht acadúil, sárú acadúil, droch-chleachtas acadúil freisin)	lompraíochtaí a dhéanann daoine aonair nó institiúidí trína sáraítear caighdeáin eiticíúla atá i bpáirt ag daoine aonair agus/nó grúpaí eile in institiúidí oideachais, taighde nó scoláireachta. ¹⁹
Miondámhachtain	Is dámhachtain í miondámhachtain a dhíorthaítear ó mhórdámhachtain amháin ar a laghad, agus a chaithfidh a bheith nasctha léi. Bíonn miondámhachtainí níos lú ná a mórdámhachtainí tuismitheora. Is ionann miondámhachtain a ghnóthú agus aitheantas a fháil d'fhoghlaim a bhfuil ábharthacht agus luach aici aisti féin, m.sh. Próiseáil Focal, Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. Comhpháirteanna a thugtar orthu seo sa chóras dámhachtana BOO.
Mórdámhachtain	Is éard is mórdámhachtain ann an príomhaicme dámhachtana a bhronntar ag gach leibhéal. Léiríonn sé líon suntasach torthaí foghlama. Ullmhóidh mórdámhachtain foghlaimoirí don fhostaíocht, do rannpháirtíocht sa tsochaí agus sa phobal agus do rochtain ar leibhéal níos airde oideachais agus oiliúna m.sh. Teastas Leibhéal 5 san Foghlaim agus Cúram Luathbhlianta.
Próiseas fíordheimhniúcháin	An próiseas trína ndéanfaidh soláthraithe cáilíocht cheapadh, taifeadh agus fóirú na nósanna imeachta measúnaithe a dhearbhu. Áireofar leis an bpróiseas seo fóirú inmheánach agus fíordheimhniú seachtrach araon.
Réimsí/fo-réimsí foghlama	Is éard atá i gceist anseo réimsí oideachais agus oiliúna a aicmítear i gcomhréir le córas aicmithe ISCED. ²⁰
Rochtain	Is tagairt é seo do chumas foghlaimeora tairbhe a bhaint as deiseanna cuí atá ar fáil chun dul isteach i gcláir as a leanann dámhachtainí agus rath a bhaint amach iontu, agus aitheantas a fháil d'fhoghlaim a rinneadh cheana.
Scil	Ceann de na snáitheanna creata (torthaí eolais, scile agus inniúlachta). Léiríonn sé eolas agus scileanna agus chuige sin is gá don fhoghlaimeoir cumas a léiriú i dtéarmaí máistreacht scile nó cur i bhfeidhm eolais. Léirítear leibhéal agus céim na scile sna táscairí leibhéil sa chreat.
Soláthraí	Duine, nó comhlacht, a sholáthraíonn, a eagraíonn nó a thugann clár oideachais agus oiliúna.
Teicníc mheasúnaithe	Is bealach é teicníc mheasúnaithe chun measúnú a dhéanamh ar cibé ar ghnóthaigh foghlaimeoir na torthaí foghlama beartaithe. Ba chóir go mbeadh an teicníc, mar aon lena cur i bhfeidhm, bailí agus iontaofa chun na gcríoch a bhfuil sí á cur i bhfeidhm chucu. Ba chóir go mbeadh an teicníc oiriúnach do na torthaí foghlama beartaithe m.sh. is dócha go mbeadh sé níos oiriúnaí scileanna praiticiúla cearpeantóireachta a mheas i léiriú scileanna ná i scrúdú scríofa.
Torthaí	Sainaitheann an méid is féidir leis an bhfoghlaimeoir a dhéanamh tar éis an t-eispéireas foghlama a chríochnú.

19 Academic Integrity: National Principles and Lexicon of Common Terms (NAIN, 2021 1st ed.) academic-integrity-national-principles-and-lexicon-of-common-terms.pdf (qqi.ie)

20 <https://circabc.europa.eu/sd/a/286ebac6-aa7c-4ada-a42b-f2cf3a442bf/ISCED-F%202013%20-%20Detailed%20field%20descriptions.pdf>

